An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

Commission for
**Communications Regulation**

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 2016 – 2017



An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DON TRÉIMHSE 1 IÚIL 2016 - 30 MEITHEAMH 2017

Arna cur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaire ar son na hAeráide agus Comhshaoil de réir Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002

**Figiúr 1: Fís, Ról agus Misean ComReg[1]**



**FÍS**

Tá rochtain leathan ag gnónna agus tomhaltóirí in Éirinn ar sheirbhísí cumardáide inacmhainne d'ardcháilíocht agus ar fheidhmchláir a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha.

**RÓL**

Is é ról ComReg a chinntiú go n-oibríonn margaidh chumarsáide ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí.

**MISEAN**

Trí rialú ábhartha agus éifeachtach éascaímid earnáil chumarsáide iomaíoch a fhorbairt in Éirinn a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht agus a chuireann ar cumas tomhaltóirí muinín a bheith acu i roghnú agus úsáid seirbhísí cumarsáide.

1 Doiciméad ComReg 17/31 www.comreg.ie/publications

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Coimisinéirí | 5 |
| Foireann Ceannaireachta | 5 |
| Faoi ComReg | 6 |
| Struchtúr Eagraíochtúil | 8 |
| Forbhreathnú Cumarsáide | 10 |
| Athbhreithniú an Chathaoirligh | 14 |
| Tomhaltóirí | 16 |
| Iomaíocht | 24 |
| Bainistíocht Speictream Raidió | 28 |
| Uimhriú | 35 |
| Rialáil Poist | 38 |
| An Rannán Seirbhísí Corparáideacha | 41 |
| Gnóthaí Idirnáisiúnta | 45 |
| Ráitis Airgeadais | 48 |

| | | |
|---|---|---|
| Figiúr 1: | **Fís, Ról agus Misean ComReg** | 2 |
| Figiúr 2: | **Creat Straitéiseach ComReg** | 7 |
| Figiúr 3: | **Cuspóirí Straitéiseacha ComReg** | 9 |
| Figiúr 4: | **Cosáin Rochtana Indíreacha Chaolbhanda** | 11 |
| Figiúr 5: | **Síntiúis Mhóibíleacha** | 11 |
| Figiúr 6: | **Sciar den Mhargadh - Líon Síntiús (lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach agus M2M)** | 12 |
| Figiúr 7: | **Próifíl Siúntiús Leathanbhanda Gníomhach de réir Cineáil** | 12 |
| Figiúr 8: | **Síntiúis agus Fás Leathanbhanda** | 12 |
| Figiúr 9: | **Comparáid bhréagionsaí leathanbhanda teaghlaigh na hEorpa, 2016** | 13 |
| Figiúr 10: | **Tithe Teilifíse de réir Modh Glactha** | 13 |
| Figiúr 11: | **An Phríomh - Oifig Staidrimh Praghasinnéacs Tomhaltóirí** | 13 |
| Figiúr 12: | **Aistear Tomhaltóra** | 16 |
| Figiúr 13: | **Foireann Rannpháirtíochta ComReg ag freastal ar thaispeántas do dhaoine os cionn 50 san RDS i mBaile Átha Cliath** | 17 |
| Figiúr 14: | **Rialachán chun Iomaíocht a Chur Chun Cinn** | 24 |
| Figiúr 15: | **Torthaí an Bhronnta Speictream Banda 3.6 GHz** | 29 |
| Figiúr 16: | **Seastán Speictrim** | 31 |
| Figiúr 17: | **www.testandtrial.ie** | 31 |
| Figiúr 18: | **Príomhghnéithe a théann i bhfeidhm ar thaithí úsáideoir móibíleach** | 32 |
| Figiúr 19: | **Léarscáil Chód Ceantair** | 36 |
| Figiúr 20: | **www.comreg.ie Leathanach Baile Tomhaltóra** | 44 |

# Coimisinéirí



**Gerry Fahy**
Cathaoirleach



**Jeremy Godfrey**
Coimisinéir



**Kevin O'Brien**
Coimisinéir

# Foireann Ceannaireachta



**Caroline Dee-Brown**
Ard-Abhcóide



**Barbara Delaney**
Stiúrthóir, Rannóg Seirbhísí Tomhaltóra agus Miondíola



**John Evans**
Comhairleoir Sinsearach Eacnamaíocht, Beartas agus Taighde



**Joe Heavey**
Stiúrthóir
Rannán Seirbhísí Corparáideacha



**Donal Leavy**
Stiúrthóir
Rannán Mórdíola



**George Merrigan**
Stiúrthóir
An Rannán Creata Mhargaidh

# Faoi ComReg



Comhlacht Reachtúil is ea ComReg a bhfuil freagracht aige as cumarsáid leictreonach (teileachumarsáid, cumarsáid raidió agus líonraí craolacháin), seirbhísí ardráta agus poist a rialú. An tÚdarás rialála náisiúnta is ea ComReg do na rannáin sin de réir Dlí na hÉireann agus an AE. Chomh maith leis sin bainistímid an speictream minícht raidió agus an acmhainn uimhrithe náisiúnta i measc freagrachtaí eile.

**Figiúr 2: Creat Straitéiseach ComReg[2]**

## Creat Straitéiseach ComReg

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fís | Misean | Ról | PRIONSABAIL |
| Ag leagan síos na rialacha d'iomaíocht éifeachtach | | | NA hÚIRLÍSÍ ATÁ AR FÁIL DÚINN |
| Ag cosaint agus ag cur tomhaltóirí ar an eolas | Ag cruthú na gcoinníollacha le haghaidh infheistíochta | | |
| Comhlíonadh le dualgais rialála a chinntiú | | | |
| Rannpháir-tíocht éifeachtach páirtithe leasmhara | Tuiscint mhaith ar mhargaidh lena n-áirítear margaidh bhainteacha | Anailísíocht láidir ar shonraí lena n-áirítear cáilíocht agus infhaighteacht | AN CHAOI A THACAÍMID LENA RÓL |
| Eagraíocht spreagtha, oilte agus aclaí a chothú | | | |
| Macántacht Neamhchlaontacht Éifeachtúlacht Barr Feabhais Trédhearcacht | | | ÁR LUAHANNA |

2 Doiciméad ComReg 17/31 www.comreg.ie/publications

# Struchtúr Eagraíochtúil



Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar an 1 Nollaig 2002 faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 agus é faoi cheannas Coimisiúin ar a bhfuil suas le trí Choimisinéir. Ag deireadh na tréimhse tuarascála seo bhí trí Choimisinéir sa Choimisiún, Gerry Fahy (Cathaoirleach), Jeremy Godfrey, agus Kevin O'Brien.

Tá an Coimisiún leis an bhfoireann ceannasaíochta freagrach as bainistíocht straitéiseach agus oibríoch na heagraíochta. Braitheann ComReg ar iarrachtaí ár bhfoirne go léir (lena n-áirítear dlíodóirí, eacnamaithe, innealtóirí, cuntasóirí, anailísithe gnó agus speisialtóirí riaracháin) chun ár misean a sheachadadh agus ár gcuspóirí rialála a chomhlíonadh.

Tá ComReg déanta suas de cheithre Rannán á dtacú ag Ard-Abhcóide agus Comhairleoir Sinsir - Eacnamaíocht, Beartas agus Taighde. Tá an struchtúr bunaithe ar fhoirne ilréimsiúla ag feidhmiú i dtimpeallacht ildisciplíneach.

## Feidhmeanna

Tá ComReg freagrach as iomaíocht a chur chun cinn, tomhaltóiri a chosaint agus as nuálaíocht a spreagadh. Pléimid le saincheisteanna casta dlí, eacnamaíochta, cuntasaíochta, rialacháin agus teicneolaíochta.

Tá ár gcuspóiri leagtha amach ar aon dul le reachtaíocht phríomha agus thánaisteach agus leanann an creat reachtaíochta seo ag éabhlú ón Acht um Rialáil Cumarsáide 2007. I 2007 cuireadh le freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg chomh maith le bearta forfheidhmithe a chur ar fáil tríd an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007. Go háirithe tugadh cumhachtaí Acht Iomaíochta do ComReg maidir le cumarsáid agus seirbhísí leictreonacha.

Aistríodh freagracht as seirbhísí ardráta a rialú leis an Acht um Rialáil Cumarsáide 2010 (Seirbhísí Ardráta agus Infreastruchtúr Cumarsáide Leictreonach) do ComReg agus thosaigh ComReg ag rialú sa réimse seo in Iúil 2010. Leagtar amach freagrachtaí rialála ComReg maidir le cúrsaí poist san Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011.

Faoi na hAchtanna um Rialáil Cumarsáide 2002 go 2007 tá réimse feidhmeanna agus cuspóirí ag ComReg maidir le forálacha líonraí cumarsáide leictreonacha, seirbhísí cumarsáide leictreonacha agus poist.

**Áirítear orthu sin:**

- A chinntiú go gcomhlíonann oibritheoirí lena ndualgais
- Iomaíocht a chur chun cinn
- Ag cur le forbairt an mhargaidh inmhéanaigh
- Leasa úsáideoirí laistigh den Chomhphobal Eorpach a chur chun cinn
- Bainistíocht éifeachtach agus úsáid speictrim minicíocht raidió agus uimhreacha ón scéim uimhrithe náisiúnta a chinntiú
- Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus go háirithe seirbhís uilíoch a bheith ar fáil
- Leasa úsáideoirí deiridh seirbhísí ardráta a chosaint

Clúdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo ár bpríomhghníomhaíochtaí ón 1 Iúil 2016 go 30 Meitheamh 2017.

**Figiúr 3: Cuspóirí Straitéiseacha ComReg**[3]

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA 2017-2021

**01** **IOMAÍOCHT**
Soláthraíonn an margadh nuálaíocht agus an rogha is fearr is féidir d'oibritheoirí mórdhíola agus miondíola

**02** **COSAINT TOMHALTÓRA**
Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid le muinín

**03** **INFHEISTÍOCHT**
Trí infheistíocht éifeachtach táthar in ann rochtain leathan ardcháilíochta agus inacmhainne ar sheirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide a chur ar fáil

**04** **FORFHEIDHMIÚ AGUS COMHLÍONADH**
Comhlíonann aonáin rialáilte le dualgais rialála

**05** **EAGRAÍOCHT**
Rialálaí ábhartha agus éifeachtach is ea muid

3 Doiciméad ComReg 17/31 www.comreg.ie/publications

# Forbhreathnú Cumarsáide



Tógadh figiúirí sa chuid seo ó thuarascálacha ráithiúla foilsithe idir R2 2016 agus R2 2017

## Líon oibritheoirí

Faoin bpróiseas údaraithe tugann oibritheoirí fógra do ComReg faoina rún líonraí nó seirbhísí a sholáthar do thríú páirtithe. Roimh Mheitheamh 2017, cláraíodh 631 fhógra den sórt sin a raibh 620 díobh seasta/gan sreanga agus 11 díobh móibíleach.

## Sciar den mhargadh Líne Seasta

Bunaithe ar shonraí oibritheora curtha isteach tríd an gceistneoir Tuarascáil Ráithiúil, rinne Oibritheoirí Údaraithe Eile (OAOanna) suas 51% den mhargadh líne seasta iomlán d'ioncam foriomlán (miondíol agus mórdhíol) roimh Mheitheamh 2017 suas ó 50.8% i Meitheamh 2016. Eircom Teo., a rinne suas an chuid eile den mhargadh.

## Réamhroghnú Iompróra (CPS), Cíos Líne Mórdhíola (WLR) agus Rochtain Lipéad Bán (WLA)

Is féidir rochtain indíreach ar líonraí líne seasta do sheirbhísí glao a sholáthar trí réamhroghnú iompróra (CPS) sa chás go gcuireann an t-oibritheoir na seirbhísí glao ar fáil ag úsáid líonra an oibritheora reatha agus íocann an custaiméar an cíos líne leis an úsáideoir reatha.

Trí Chíos Líne Mórdhíola (WLR) is féidir le hoibritheoir sonrascadh aonair a sholáthar do thomhaltóir dá gcíos líne seasta agus dá n-úsáid glao seasta araon.

Seirbhís gutha gan lasc is ea Rochtain Ghutha-Rochtain Lipéad Bán (WLA-(Voice)) a cheadaíonn d'oibritheoir seirbhísí ceann ceann a cheannach gan ghá a hinfreastruchtúr idirnaisc féin a bheith aige.

Roimh dheireadh Meitheamh 2017, bhí 54.4% de na línte go léir soláthraithe trí rochtain indíreach ag WLR, (síos ó 64.0% ag deireadh Meitheamh 2016), bhí 43.2% ag WLA suas ó 33.0% i Meitheamh 2016) agus

bhí 2.4% de na línte ag CPS (síos 3.0% i Meitheamh 2016). San iomlán bhí 577,154 chosán rochtana indíreacha ann ag deireadh R2 2017, síos 1.8% ó Mheitheamh 2016.

**Figiúr 4: Cosáin um Rochtain Indíreach Chaolbhanda**




Foinse: Ceistneoir Príomhshonraí Ráithiúla

## Cosáin rochtana teileacomarsáide sheasta agus trácht gutha sheasta

Bhí 1.43 mhilliún cosáin um rochtain Líonraí Teileafóin Lasctha Poiblí (PSTN) díreacha agus neamhdhíreacha agus Líonraí Digiteacha Lasctha Comhtháite (ISDN) ann i margadh na hÉireann i Meitheamh 2017, laghdú 3.9% ó Mheitheamh 2016. Tá 40.4% de chosáin rochtana go léir sa mhargadh copair sheasta maidir le rochtain neamhdhíreach ag úsáid WLR nó CPS.

Leantar le laghdú ar thrácht gutha a eascraíonn ar líonraí seasta. Rinne an meánrannpháirtí cónaitheach 107 nóiméad guthghlaonna seasta i R2 2017 i gcomparáid le 126 nóiméad i R2 2016.

## Seirbhísí cumarsáide móibíleacha

Ag deireadh Meitheamh 2017 bhí 5.9 milliún rannpháirtithe ar sheirbhísí cumarsáide móibíleacha in Éirinn atá cothrom le ráta treáite 125.2%. I R2 2016 bhí síntiúis iomlána M2M ag 606,683 ag méadú go 746,803 i R2 2017 fás bliantúil 23.1%.

**Figiúr 5: Síntiúis Mhóibíleacha**




Foinse: Ceistneoir Príomhshonraí Ráithiúla

De bharr go páirteach úsáid mhéadaitheach ag tomhaltóirí ar sheirbhísí teachtaireachta ar an toirt laghdaigh an líon téacsteachtaireachta faoi 13.8% i R2 2017 i gcomparáid le R2 2016. Sna trí mhí go Meitheamh 2017 chuir an meánrannpháirtí móibíleach 84 theachtaireacht ar an meán in aghaidh na míosa i gcomparáid le 99 in aghaidh na míosa sa ráithe go Meitheamh 2016.

Laghdaigh meán-nóiméid guthghlao rannpháirtithe in aghaidh na móibíle go míosúill ó 219 nóiméad in aghaidh na móibíle i Meitheamh 2016 go 214 nóiméad in aghaidh na míosa i Meitheamh 2017. Ba é 4.1GB an meántrácht míosúil in aghaidh na móibíle ag úsáid seirbhísí gutha agus sonraí i Meitheamh 2017 i gcomparáid le 2.4GB i Meitheamh 2016.

Be é €14.14 an Meánioncam míosúil in aghaidh an Úsáideora i R2 2017 do rannpháirtithe fón móibíle réamhíoctha fad is gurbh é €42.10 an Meánioncam míosúil in aghaidh an Úsáideora do rannpháirtithe fón móibíle iar-íoctha. Be é €13.79 an Meánioncam míosúil in aghaidh an Úsáideora do rannpháirtithe leathanbhanda móibíleach réamhíoctha fad is gurbh é €19.64 an Meánioncam míosúil in aghaidh an Úsáideora do rannpháirtithe leathanbhanda móibíleach iar-íoctha.

Bhí 398,219 uimhir mhóibíle phortáilte idir oibritheoirí sa dá mhí dhéag go Meitheamh 2017 atá cothrom le 33,184 uimhir mhóibíle ar an meán portáilte gach mí.

Coimeádann Vodafone an sciar is mó ranpháirtithe (lena n-áirítear síntiúis leathanbhanda agus Meaisín 2 Meaisín (M2M) ) agus ag déanamh comparáide idir R2 2016 agus R2 2017 mhéadaigh Vodafone sciar an mhargaidh beagán ó 37.8% go 38.2%. Ag deireadh R2 2017 bhí 34.6% rannpháirtithe ag Grúpa Trí, titim ó 35.5% i R2 2016.

Laghdaigh sciar den mhargadh móibíleach d'Eircom Teo., faoi 0.4% ó R2 2016. Mhéadaigh sciar den mhargadh do Tesco Móibíleach faoi 0.3% fad is gur mhéadaigh sciar den mhargadh d'oibritheoirí eile faoi 0.6% ó R2 2016.

### Figiúr 6: Sciar den Mhargadh - Líon Síntiús (lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach agus M2M




Foinse: Ceisteoir Príomhshonraí Ráithiúil

## Leathanbhanda

Faoi dheireadh Meitheamh 2017 bhí 1,685,369 síntiús leathanbhanda. Tá an chuid is mó de na síntiúis seo ag VDLS ag a bhfuil 542,141, á leanúint ag 396,601 shíntiús DSL,369,478 síntiús cábla, déanann Rochtain Gan Sreanga Seasta suas 46,611 shintiús, Cábla Snáthoptaice go hÁitreabh ag 19,125 agus Saitilít ag 5,093. Ba é líon na síntiús leathanbhanda ag deireadh Meithimh 2017 ná 306,320.

I R2 2017 bhí 32.2% de na síntiús leathanbhanda ag VDSL, 23.2% leathanbhanda cábla ag DSL, 21.9% ag Rochtain Gan Sreanga Seasta (FWA), 1.1% ag FTTP agus síntiúis go léir saitilíte ag 0.3%. Bhí 18.2% de na síntiúis leathanbhanda go léir ag leathanbhanda móibíleach. Ó R2 2016 tá méadú 26.8% ar líon na síntiús VDSL i gcodarsnacht le titim i síntiúis DSL, saitilíte agus leathanbhanda móibíleach.

### Figiúr 7: Próifíl de Shíntiúis Leathanbhanda Ghníomhacha de réir Cineáil




Foinse: Ceisteoir Príomhshonraí Ráithiúil

Chomh maith le síntiúis leathanbhanda tá 1,148 mball te WiFi in Éirinn ag cur rochtain leathanbhanda fánaithe ar fáil go náisiúnta go háirithe d'úsáideoirí ríomhaire glúine agus fóin chliste. Laghdagh an figiúr seo 61.4% ag déanamh comparáide idir R2 2016 agus R2 2017614.

### Figiúr 8: Síntiúis agus Fás Leathanbhanda

| Cineál Síntiúis | R2 2017 | Fás Ráithiúil R1'17 – R2'17 | Fás Bliain ar Bhliain R2'16 – R2'17 |
|---|---|---|---|
| Leathanbhanda DSL | 396,601 | -4.3% | -18.2% |
| Leathanbhanda VDSL | 542,141 | +3.1% | 26.8% |
| Leathanbhanda Cábla | 369,478 | 0.5% | +0.8% |
| Leathanbhanda FTTB | 19,125 | 58.4% | 294% |
| Leathanbhanda Saitilíte | 5,093 | -2.4% | -4.8% |
| Leathanbhanda Rochtana gan Sreanga Seasta (FWA) | 46,611 | -1.8% | 11.3% |
| **Leathanbhanda Seasta Iomlán** | **1,379,049** | **0.4%** | **3.6%** |
| Leathanbhanda Móibíleach | 306,320 | -9.7% | -12.5% |
| **Leathanbhanda Iomlán** | **1,685,369** | **-1.6%** | **+0.3%** |

4 I R3 2016 chuir Eir a seirbhís WiFi ar scor

Léiríonn Figiúr 9 staid na hÉireann i gcomparáid le meán an AE28 i dtéarmaí treá tí leathanbhanda móibíleach seasta. Bhí Éire níos airde ná meán an AE28 (86%) do threá tí leathanbhanda (seasta agus móibíleach) i 2006.

### Figiúr 9: Comparáid treá leathanbhanda tí na hEorpa 2016




Foinse: Eurostat, Táscairí na Sochaí Faisnéise PS

## Craoladh

Suas go mí Iúil 2017, den 1.59 milliún tí teilifíse in Éirinn bhí síntiús cábla nó seirbhís saitilíte ag 61%, bhí seirbhís aeróige ag 42%, bhí seirbhís TDT (DTT) ag 41% agus bhí seirbhís saitilíte shaorchraolta ag 20%.

### Figiúr 10: Tithe Teilifíse trí Mhodh Glactha




Foinse: Suirbhé Bunaithe Tomhas Lucht Féachana Teilifíse Nielsen ar Son TAM Éireann Teo.

## Forbairtí Praghais

I dtéarmaí foriomlána taispeáintear i bhfigiúr 11 an t-athrú san Innéacs Praghais Tomhaltóra (CPI) agus an fo-chomhpháirt chumarsáide. Meánn an PS cumarsáidí mar 3.48% den Innéacs Praghais Tomhaltóra (CPI) iomláin.

Ag úsáid Mí na Nollag 2011 mar an bhuntréimhse laghdaigh an t-Innéacs Praghais Tomhaltóra iomláin faoi 0.4% sa bhliain go Meitheamh 2017 fad is gur mhéadaigh costais chumarsáide faoi 0.8%.

### Figiúr 11: Príomhoifig Staidrimh Innéacs Praghais Tomhaltóra




Foinse: Oifig Staidrimh Ghinearalta

# Athbhreithniú an Chathaoirligh



Ar feadh na bliana faoi athbhreithniú lean an earnáil arna rialú ag ComReg ag fás agus ag forbairt fad is a bhí líonraí agus oibritheoirí cumarsáide ag cothú leibhéil láidre infheistíochta. Cuid riachtanach do ghnónna agus tomhaltóiri araon is ea earnáil chumarsáide leictreonaí atá faoi bhláth agus beo fuinniúil.

Anois níos mó ná riamh tá daoine ag brath níos mó ar chórais agus líonraí cumarsáide do chúrsaí oibre oideachais nó do chúiseanna sóisialta. Ar ndóigh tá luas an athraithe san earnáil ag tapú i gcónaí de réir mar atá nuálaíochtaí nua ar nós Idirlíon na nEarraí ag éirí níos leithne.

Mar rialálaí eacnamaíoch is é ról ComReg ná a chinntiú go n-oibríonn margaidh chumarsáide ar mhaithe le húdáideoirí deiridh agus an tsochaí. Tá nascacht tar éis a bheith lárnach inár saolta go léir agus is príomhthiománaí í do tháirgiúlacht eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta.

Maidir leis sin tá a fhios acu i ComReg gur bhunfhadhb é do roinnt daoine an t-easpa leathanbhanda maith agus clúdach móibíleach. Is é sin an fáth go nglacann ComReg páirt ghníomhach i dTascfórsa Móibíleach an Rialtais. Bunaithe in Iúil 2016 is é an aidhm atá ag an Tascfhórsa réiteacha láithreacha a aithint ar an easpa clúdaigh d'fhón móibíleach agus leathanbhanda agus fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi is féidir seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí sula rolltar amach an Plean Leathanbhanda Náisiúnta. Tá ComReg tiomanta do roinnt príomhghníomhartha chun taithí foriomlán an tomhaltóra maidir le clúdach leathanbhanda agus móibíleach a fheabhsú.

Le linn na bliana d'eisigh ComReg freisin a Ráiteas Straitéiseach Cumarsáide Leictreonaí do 2017-2019. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéiseach ár bhfís don earnáil ina mbaineann tomhaltóirí agus gnónna taitneamh as seirbhísí cumarsáide inrochtana, d'ardcháilíocht agus inacmhainne.

## Forbairtí sa Mhargadh Leathanbhanda

Le linn na bliana mhéadaigh riachtanas ar leathanhanda agus d'eirigh éileamh foriomlán ar shonraí. Roimh dheireadh R2 2017 bhí 1.68 milliún síntiúis leathanbhanda. Baineann an chuid is mó de na Síntiúis le VDSL (Línte Síntiús An-Tapa) le 542k á leanúint ag síntiúis líne Dhitigeach Rannpháirtí (DSL) le 397k, síntiúis chábla 369k, síntiúis leathanbhanda Rochtain Gan Sreanga Seasta (FWA) le 47k, Cábla Snáthoptaice go hÁitreabh (FTTP) le 19k agus Saitilít le 5k. Bhí an líon síntiús leathanbhanda móibíleach ag 306k ag deireadh R2 2017.

## Saincheisteanna um Chomhlíonadh Margaidh Sheasta

Le linn na tréimhse rinne ComReg athbhreithniú ar Shamhail Rialachais Rialála Eircom Teo. (eir). Thosaigh céim 2 den athbhreithniú i Meán Fómhair 2016 agus críochnaíodh é i Márta 2017. Fuair ComReg dréacht-tuarascálacha óna Chomhairleoirí le breathnú ar an ábhar agus an foilsiúchán.

Seachas sin tá ComReg ag tabhairt faoi fhadhbanna leanúnacha maidir leis an gcaoi ina bhfuil Eircom Teo. ag comhlionadh lena dhualgais rialála.
Tá imeachta cúirte tionscanta aige i gcoinne Eircom Teo., maidir le cúig thorthaí um shárú a cuid dualgas riálála thar thréimhse ó Iúil 2011 go Iúil 2015. Bhí roinnt fiosrúchán eile ag dul ar aghaidh freisin lena n-áirítear fiosrúcháin a bhaineann le cúrsaí pléite i dtuarascálacha na gComhairleoirí.

## Forbairtí sa Mhargadh Móibíleach

Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe seo bhí os cionn 5.9 milliún síntiús do sheirbhísí cumarsáide mhóibíleacha in Éirinn atá comhionann le ráta treáite 125.2%. De bharr seirbhísí teachtaireachta láithreacha laghdaigh toirt na dtéacsteachtaireachta 13.8% bliain ar bhliain. I R2 2016 bhí síntiúis iomlán M2M ag 606,683 ag méadú go 746,803 i R2 2017 sé sin fás bliantúil 23.1%.

I mBealtaine 2017 d'fhógair ComReg torthaí dá bhronnadh speictrim 3.6 GHz. Déanta trí cheant 350 Mhz Speictream a shannadh leis an mbronnadh seo. Mhéadaigh an bronnadh an méid speictream comhchuibhithe do sheirbhísí leathanbhanda gan sreanga seasta, fánaithe agus móibíleach. Baileofar leis na ceantanna €78 milliún thar thréimhse bhronnta na gceadúnas.

## An Tomhaltóir

Tá sé de dhualgas reachtúil ar ComReg tomhaltóirí na hÉireann a chur ar an eolas agus a chosaint agus iad ag ceannach táirgí nó seirbhísí cumarsáide leictreonacha. Tá sé den riachtanas go gcosnaíonn a soláthróirí seirbhíse cearta go léir tomhaltóirí agus muna ndéanann siad amhlaidh tionscnóidh ComReg caingean nuair is gá. Ba cheart go mbeadh rochtain ag tomhaltóiri go léir ar eolas cuí agus soiléir a chuirfear ar a gcumas rogha eolasach a dhéanamh. Príomhaidhm Straitéiseach do ComReg is ea é sin.

Le linn na tréimhse bhí timpeall 30,000 saincheist ardaithe ag tomhaltóirí a chuaigh i dteagmháil leo. Baineann na saincheisteanna seo go cothrom idir saincheisteanna maidir le Seirbhís Cumarsáide Leictreonaí (ECS), agus an tSeirbhís Ardráta (PRS) agus cineálacha saincheisteanna eile. Ba ghearáin iad 19% de na saincheisteanna go léir a fuair ComReg sa tréimhse.
Baineann formhór na saincheisteanna um an tSeirbhís Cumarsáide Leictreonaí maidir le clár oibre ComReg le bileáil, Muirir faoi Dhíospóid (lena n-áirítear sonraí), Cúrsaí Conarthacha ar nós Iarratas um Forcheannadh Conartha agus líon éagsúil fochatagóirí Conarthacha agus Saincheisteanna Seirbhíse.

## Cúrsaí Poist

Maidir le rialachán poist, is iad feidhmeanna reachtúla ComReg ná soláthar seirbhís poist uilíoch a chinntiú a chomhlíonann le riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist agus a chinntiú go gcomhlíonann soláthróirí seirbhíse poist leis na dualgais atá orthu agus monatóireacht a dhéanamh air sin.

Le linn na bliana thug ComReg treorú do An Post mar Sholáthróir Seirbhíse Uilíoch faoin Treoir Cuntasaíochta 2017. Tugtar leis sin an faisnéis atá riachtanach do ComReg chun trédhearcacht maidir le costáil agus brabúsacht an tsoláthraí seirbhise uilíoch a chinntiú. Le linn na tréimhse d'aisghair an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2017, Alt 30 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísi Poist) 2011. Tá praghasanna seirbhísí poist uilíocha leagtha síos ag An Post anois.

## Idirnáisiúnta

Ball gníomhach is ea ComReg ar an gComhlacht um Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus le linn na tréimhse faoi athbhreithniú ghlac ComReg páirt i naoi ngrúpaí oibre. Ball freisin den Ghrúpa um Beartas Speictream Raidió agus de Chomhdháil Eorpach na Rialachán Poist agus Teileachumarsáide, (CEPT) is ea ComReg.

**Gerry Fahy**
Cathaoirleach

# Tomhaltóirí



Is é cur chuige straitéiseach foriomlán ComReg i ndáil le tomhaltóirí ná iad a chosaint agus a chur ar an eolas ionas gur féidir leo seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid le muinín.

Le linn na tréimhse rinne ComReg roinnt gníomhartha chun a chuid aidhmeanna i ndáil le tomhaltóirí a sheachadadh.

**Figiúr 12: Aistear Tomhaltóra**



## Ag Cosaint agus ag cur Tomhaltóirí ar an Eolas

Iarrann ComReg tomhaltóirí a chumhachtú trí sholáthar eolas cuí agus trédhearcacht a chinntiú fad is ag tairiscint próiseas láimhseála gearán éifeachtach freisin. Iarrann ComReg riachtanais éabhlóideacha tomhaltóirí a thuiscint trí theagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara éagsúla ag úsáid meicníochtaí éagsúla ar nós Líne an Tomhaltóra; ár gclár Rannpháirtíochta Tomhaltóra (lena n-áiritear láithreacht ar líne); Painéal Comhairleach Tomhaltóra ComReg; Ceardlann ComReg ar Chumarsáid Leictreonach do Dhaoine le Míchumas; trí shuirbhéanna ábhartha a dhéanamh agus trí ionchuir a fháil ó eagraíochtaí tomhaltóra lena ndéanaimid dlúth-theagmháil.

Cuirtear tomhaltóirí ar an eolas trí eolas inrochtana, soiléir, ábhartha agus tráthúil. Aithníonn ComReg nach mór do thomhaltóirí a bheith ar an eolas go cuí chun roghanna a dhéanamh maidr le cumarsáid leictreonach agus cabhrú leo agus iad ag plé lena soláthróirí seirbhíse rud atá ag teastáil níos mó de réir mar atá iomaíocht ag éirí níos géire. Maidir leis seo tá ComReg ag leanúint ar aghaidh ag nuashonrú mír an tomhaltóra de **www.comreg.ie** le heolas ábhartha agus nuacht maidir le seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid.

Oibríonn ComReg freisin le tionscal chun a chinntiú go bhfuil eolas cruinn ábhartha ar fáil do thomhaltóirí maidir le tairiscintí margaidh reatha chun cabhrú leo lena gcuid cinntí ceannaigh. Maidir leis seo chuaigh ComReg i mbun pléite le soláthróir tríú páirtí chun uirlís chomparáide luacha nua a fhorbairt. Tugann an uirlís nua feidhmiúlacht mhéadaithe do thomhaltóirí lena n-áirítear an deis comparáid a dhéanamh idir táirgithe margaidh na soláthróirí seirbhíse cumarsáide trí mheánchostas míosúil, costas iomlán lena n-áirítear costas sás láimhe, liúntais agus luas bunaithe ar an eolas a chuireann tomhaltóirí isteach. Tá an-chuid ghnéithe breise lena n-áirítear: an cumas cineál sás láimhe roghnaithe a roghnú agus comparáid a déanamh idir na pacáistí ar fáil, an cumas do bhille a uaslódáil chun d'úsáid a ionchur nó chun feidhmchlár a íoslódáil ar d'fhón Android a ríomhann d'úsáid nó leibhéil úsáide réamhchinntithe a roghnú ar mhaithe le héascacht úsáide.
Chun cabhrú le tomhaltóirí a bhfuil ceisteanna acu maidir le muirir PRS atá curtha i bhfeidhm ar a mbille nó aisbhainte óna gcreidmheas, táirgeann ComReg saoráid ar líne freisin chun mionsonraí cúram custaiméara agus mionsonraí eile a sheiceáil do sheirbhísí ardráta go léir **http://servicechecker.comreg.** Is féidir le tomhaltóirí ainm agus uimhir na seirbhíse ar a bhfuil muirear gearrtha orthu a chur isteach agus cuirfear ar ais na mionsonraí sin le mionsonraí ar uimhir agus ríomhphost líne chabhrach um sheirbhís custaiméara.

## Clár Rannpháirtíocht Tomhaltóra

Lean ComReg ag leathnú a rochtana i ndáil le rannpháirtíocht tomhaltóra le linn na tréimhse le roinnt feachtas spriosdhírithe chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoin bhfaisnéis a chuireann ComReg ar fáil. Áirítear ina leithéid de thionscnaimh suíomh gréasáin nua ComReg a nuashonrú le hábhar agus feidhmiúlacht nua tomhaltóra, for-rochtain do sheanóirí, láithreacht seó trádála agus feachtas Facebook maidir le tomhaltóirí a chur ar an eolas ar chód cleachtais um ghearáin a láimhseáil. Chomh maith leis sin leanadh le heolairí tomhaltóirí ComReg a scaipeadh le linn na bliana ag cinntiú go raibh bileoga ar fáil i líonra clinicí DG, ionaid sláinte agus oispidéil ar fud na tíre.

**Figiúr 13: Foireann Rannpháirtíochta ComReg ag freastal ar sheó os Cionn 50idí san RDS, Baile Átha Cliath.**




## Cosaint d'Úsáideoirí Leochaileacha

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú bhí dhá chruinniú ag ComrReg dá Cheardlann Mhíchumais ar Chumarsáid Leictreonach do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tá ballraíocht lucht freastail ag gach Ceardlann roghnaithe chun a chinntiú gur féidir leo siúd atá ag freastal (lena n-áirítear soláthróirí seirbhíse agus comhlachtaí ag seasamh do dhaoine faoi mhíchumas) cur le taithí agus dea-chleachtas araon agus a chinntiú go bhfuil eolas agus freagracht ag lucht freastail maidir leis an topaic atáthar ag díriú air. I R4 2016 ba é téama ComReg ná "Eolas Inrochtana" agus bhí an fócas ar shuíomhanna gréasáin inrochtana. I R1,2017 ba é an príomh-topaic Ceardlainne ná "An tSaoráid do rannpháirtithe faoi mhíchumas riachtanais a chlárú" agus pléadh fiosrúcháin eolaire inrochtana agus saoráidí breisiú creidmheasa inrochtana freisin.

Ag leanúint ar Chinneadh ComReg ar Sheirbhísí Sealaíochta Téacs,[5] a bhí éifeachtach ó R2, 2016 cuireadh Seirbhís Sealaíochta Téacs breisithe i bhfeidhm. Ní mór do gach soláthraí seirbhíse le níos mó ná 100,000 rannpháirtithe Seirbhís Sealaíochta Téacs (TRS) breisithe a thairiscint. Seirbhís neodrach teicneolaíochta is ea an tseirbhís atá ar fáil le húsáid leis na gairis seo a leanas: Mimicom, líne sheasta, móibíleach, ríomhaire pearsanta, táibléad nó gaireas leictreonach coibhéiseach eile.

## Ag Cinntiú go bPléann Soláthróirí na Seirbhíse Cumarsáide Leictreonaí (ECS) agus na Seirbhísí Ardráta (PRS) go cothrom le Custaiméirí

Tuigeann ComReg tábhacht meicníochtaí sásaimh éifeachtacha in ionad chun muinín a chothú i dtomhaltóirí. Leis sin i gceist tá a chuid oibre á leanúint ar aghaidh ag ComReg chun feabhas a chur ar an gcaoi a láimhseálann soláthróirí seirhísí gearáin.

## Cód Cleachtais um Láimhseáil Gearán

Chuaigh ComReg i gcomhairle agus rinne cinneadh faoi roinnt íosriachtanas do Chód Cleachtais Soláthróirí Seirbhíse chun gearáin a láimhseáil le bearta le teacht i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018[6]. Leis an an gcinneadh déanfar deimhin de go mbeidh níos mó trédhearcachta, cinnteachta agus cáilíochta nósanna imeachta ina láimhseálann soláthróirí seirbhíse gearáin agus beidh sásamh níos mó mar thoradh air sin do thomhaltóirí a bhfuil gearáin acu.

## Teagmhálacha Tomhaltóra do ComReg

Leanann ComReg ag cur seirbhís láimhseála gearán ar fáil do thomhaltóirí. Féadfaidh tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh le Líne Thomhaltóra ComReg trí na cainéil seo a leanas - teileafón, ríomhphost, foirm ghearán ar líne, litir agus comhrá gréasáin. Chomh maith leis sin tá an rogha ag tomhaltóirí seirbhís

5 Doiciméad ComReg 15/143 D09/15 www.comreg.ie/publications

6 Doiciméad ComReg 17/62 D04/17 www.comreg.ie/publications

gearrtheachtaireachta (SMS) (téacs) a sheoladh[7] leis na focail "ComREg" nó "AskComReg" go 51500 chun glao ar ais a fháil nó téacs seirbhís gearrtheachtaireachta (SMS) ar ais ó dhuine de na gníomhaithe. Tá seirbhís glao ar ais ar fáil freisin do na glaoiteóirí sin atá ag feitheamh ar an bhfón ar feadh níos mó ná 20 soicind.

Le linn na bliana freagraíodh 80.1% de ghlaonna go léir go Líne Thomhaltóra ComReg laistigh de 20 soicind. I 2017 sheol ComReg Seirbhís do thomhaltóirí freisin ar mhian leo teagmháil a dhéanamh lenár Líne Thomhaltóra ag úsáid Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Leanann ComReg ag foilsiú staitisticí ráithiúla maidir le saincheisteanna ardaithe ag tomhaltóirí a rinne teagmháil lenár Líne Thomhaltóra.

Le linn na tréimhse Iúil 2016 go Meitheamh 2017 bhí timpeall 30,000 saincheist faoina ndearna tomhaltóirí teagmháil linn. Sna saincheisteanna seo bhí saincheisteanna faoin tSeirbhís Cumarsáide Leictreonaí (ECS), saincheisteanna faoin tSeirbhís Ardráta (PRS) agus cineálacha saincheisteanna eile. Bhain timpeall 14,000 de na saincheisteanna iomlán le saincheisteanna cumarsáide leictreonacha agus timpeall 14,000 eile ag baint le saincheisteanna faoin tseirbhís ardráta. Gearáin ab ea 19% de na saincheisteanna go léir a tógadh le ComReg sa tréimhse.

Tógtar formhór na ngearán maidir le clár oibre ComReg i ndáil le Bileáil, Muirir faoi Dhíoispóid (lena n-áirítear sonraí), Cúrsaí Conartha ar nós Iarratas Críochnú Conartha agus líon éagsúil fochatagóirí Conartha agus Saincheisteanna Seirbhíse (lena mbaineann 50% díobh le caillteanas seirbhíse agus Clúdach Móibíleach).

Baineann an chuid is mó de shaincheisteanna a thógtar le suíomhanna ina ndiúltaíonn tomhaltóirí go bhfuil teagmháil déanta acu leis an tSeirbhís Ardráta (PRS) nó ina ndéanann an tomhaltóir díospóid faoi mhuirear na Seirbhíse ArdRáta (PRS) i gceist.

7 Seirbhís gearrtheachtaireachta

Tomhaltóirí gnó a thóg 1,441 de na saincheisteanna iomlána agus bhain siad den chuid is mó le saincheisteanna seirbhíse (lena n-áirítear caillteanas seirbhíse agus clúdach móibíleach), bileáil (lena n-áirítear muirir faoi dhíospóid), cúrsaí conartha agus lascadh agus inaistritheacht uimhreach.

## Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Aithníonn ComReg an tábhacht a chinntiú go nginntear cultúr comhlíonta ionas go seasann soláthróirí seirbhísí le cearta tomhaltóirí. Tá comhlíonadh agus forfheidhmiú éifeachtach, tábhachtach chun é sin a bhaint amach.

Maidir le cearta tomhaltóra, déanann ComReg monatóireacht ar chomhlíonadh soláthróirí le Seirbhíse Ardráta agus le Seirbhís Cumarsáide Leictreonaí le dualgais ábhartha lena n-áirítear Cód Cleachtais na Seirbhíse Ardráta, na Rialacháin um an tSeirbhís Uilioch[8] agus Cinntí bainteacha ComReg, na Rialacháin Fánaíochta[9] Rialacháin na dTéarmaí Conartha Neamhchothroma[10] agus Rialacháin um Chealú agus Faisnéise Tomhaltóra[11]. Tá comhaontas comhoibríoch ag ComReg leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.

8 Rialacháin um Chearta Úsáideoirí Chomhphobail Eorpacha (Seirbhísí agus Líonraí Cumarsáide Leictreonacha) 2011.
9 Rialacháin I.R. 228/2013 –Cumarsáid (Fánaíocht Móibíleach, Teileafóin) 2013
RIALACHÁN (AE) Uimh. 531/2012 ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ón gCOMHAIRLE an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht ar chumarsáid mhóibíleach phoiblí laistigh den Aontas.
Rialacháin I. R. Uimh. 240/2017 Chumarsáide (Fánaíocht Mhóibíleach, Teileafóin) Rialacháin 2013 (Leasú) 2017
10 Rialacháin i..R. 27/1995 – Comhphobail Eorpacha ( Téarmaí Neamhchothroma) i gConarthaí Tomhaltóirí), 1995
Rialacháin I.R 336/2014 – Comhphobail Eorpacha (Téarmaí Míchothromh i gConarthaí Tomhaltóirí) (Leasú) 2014.
Rialacháin I.R. Uimh. 160/2013 - Comhphobail Eorpacha (Téarmaí Míchothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) (leasú) 2013.
11 Rialacháin I.R.. Uimh. 484/2013 Aontas Eorpach (Faisnéis, Cealú agus Cearta eile Tomhaltóirí) 2013
Rialacháin I.R. Uimh. 250/2014 Aontas Eorpach (Faisnéis, Cealú agus Cearta Eile Tomhaltóirí)(Leasú) 2014

## Cásanna Comhlíonta agus Cinntí ComReg

In Iúil 2016 ghearr ComReg píonós €255,000 ar Virgin Media i bhfoirm Fógraí Íocaíochta Seasta de bhun Alt 85 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007. Tháinig sé seo tar éis do ComReg fiosrú a dhéanamh trínar léiríodh gur theip ar Virgin Media conradh a thabhairt do 26,046 dá chustaiméirí ar mhéan marthanach in aghaidh Rialachán 12 de Rialacháin Tomhaltóirí (Faisnéis agus Cealú) 2013.

Ar an 6 Deireadh Fómhair 2016 d'eisigh ComReg Fógra Neamhchomhlionta do Thrí. Fuair ComReg amach, maidir le líon Fógraí Athraithe Chonartha, gur theip ar Thrí comhlíonadh le Rialachán 14 (4) de na Rialacháin um an tSeirbhís Uilíoch agus le Cinneadh ComReg C13/12 agus go háirithe theip ar ComReg comhairle a thabhairt do chustaiméirí maidir lena gceart conarthaí a chríochnú gan phíonós laistigh de mhí de bhun athruithe leo agus mainneachtain Thrí faisnéis iomlán a chur ar fáil ar na hathruithe sa chonradh. Ina dhiaidh sin, chuir Trí in iúl do ComReg gur leasaíodh an neamhchomhlionadh agus go raibh próisis iomlána in ionad acu chun a chinntiú go gcomhlíonfaí a bhFógraí Athraithe Chonartha as sin amach. Tháinig ComReg ar an gcinneadh go raibh Neamhchomhlionadh déanta ach de bharr gníomhaíocht feabhais curtha i bhfeidhm socraíodh gan caingean breise i ndáil leis seo a thabhairt.

Ar an 11 Samhain 2016 d'eisigh ComReg Fógra Neamhchomhlíonta do Virgin Media. Fuair ComReg amach maidir le roinnt Fógraí Athraithe Chonartha gur theip ar Virgin Media comhlíonadh le Rialachán 14 (4) de na Rialacháin um an tSeirbhís Uilíoch agus le Cinneadh ComReg C13/12 agus go háirithe gur chuir Virgin Media ábhar marcála go míchuí i gcorp na bhFógraí Athraithe Chonartha.

Ar an 27 Márta 2017 d'eisigh ComReg Fógra neamhchomhlíonta do Thrí. Tháinig ComReg ar an gcinneadh maidir le Fógraí Athraithe Chonartha arna n-eisiúint ag Trí in ullmhú d'athruithe i bhpraghsáil agus i dtéarmaí conartha eile, gur theip ar Thrí comhlíonadh le Rialachán 14 de na Rialacháin um an tSeirbhís Uilíoch agus le Cinneadh ComReg C13/12. Bhí an neamhchomhlíonadh i gceist go háirithe de bhrí gur theip ar Thrí a chustaiméirí a chomhairliú i gceart ar nádúr na n-athruithe conartha molta agus ceart custaiméirí a éascú go cuí teacht amach óna gconarthaí gan phíonós laistigh de mhí amháin tar éis fógra a fháil ar na hathruithe conarthacha molta.

Ar an 25 Bealtaine 2017 d'eisigh ComReg Fógraí Neamhchomhlíonta do Vodafone, Eircom Teo., agus Sky Éireann. Fuair ComReg amach maidir le roinnt Fógraí Athraithe Chonartha, gur theip ar na trí ghnóthas go léir comhlíonadh le Rialachán 14 (4) agus (5) de na Rialacháin um an tSeirbhís Uilíoch agus le Cinneadh ComReg C13/12 agus go háirithe chuir na trí ghnóthas go léir ábhar margaíochta i gcorp Fógraí Athraithe Chonartha.

## Bileáil/Lascadh

Ar an 27 Márta 2017 d'eisigh ComReg Fógra Neamhchomhlíonta do Thrí. Fuair ComReg amach maidir le coinníollacha agus nósanna imeachta um chríochnú conartha curtha in ionad ag Trí i ndáil leis na hathruithe conartha molta, gur theip ar Thrí comhlíonnadh le Rialacháin 25 (6) (b) de Rialacháin um an tSeirbhís Uilíoch agus go háirithe theip ar Thrí a chinntiú nár ghníomhaigh a choinníollacha agus nósanna imeachta um chríochnú conartha mar dídhreasú do thomhaltóir athrú go soláthróir seirbhíse eile.
Ar an 27 Márta chuala an Chúirt Dúiche Baile Átha Cliath cás tógtha ag ComReg i gcoinne Eircom Teo., maidir le haistriú seirbhísí teileafóin chustaiméara go Eircom Teo., maidir le trí shuíomh. Líomhain ComReg gur theip ar Eircom Teo., plé leis an ábhar i gceart a raibh mar thoradh air an custaiméar a bheith gan seirbhís teileafóin ar feadh trí seachtaine le ceann amháin de na suíomhanna custaiméara gan seirbhís ar feadh ocht seachtaine agus go raibh uimhreacha teileafóin chustaiméara ag dhá shuíomh athraithe go neamhriachtanach: iad go léir i gcodarsnacht le Rialachán 25 den Acht Rialacháin Chumarsáide 2002. Líomhain ComReg freisin go bhfuair an custaiméar billí do dhá chuntas Eircom ar shuíomh amháin (bileáil dhúbailte) i gcodarsnacht le Alt 45 den Acht.

D'fhorchuir an Chúirt ciontuithe coiriúla maidir le gach ceann de 7 gcúiseamh agus d'ordaigh d'Eircom Teo., €16,500 san iomlán a íoc i bhfíneálacha.

## Forfheidhmiú Seirbhísí Ardráta

D'fhiosraigh ComReg Seirbhís Ardráta AppMob curtha ar fáil ag Zamano de réir Alt 9 den Acht um Sheirbhísí Ardráta agus Alt 10 den Acht Rialachán Cumarsáide. Fuair ComReg amach nach raibh Seirbhísí Ardráta AppMob Zamano ag comhlíonadh leis na forálacha ábhartha den Chód Cleachtais lena n-áirítear forálacha a bhain le faisnéis nach mór a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sula dtabhaíonn siad aon mhuirir agus go raibh aon úsáideoir deiridh a raibh páirteach in aon promóisean do AppMob Zamano curtha isteach sa tSeirbhís Ardráta gan toilliú nó eolas acu roimh ré. B'amhlaidh é seo mar gur theip ar an bpromóisean eolas faoi phraghsáil agus aon mhionsonrai ábhair eile a bhain leis an tseirbhís Ardráta a cheadódh d'úsáideoirí deiridh cinneadh trasghníomhaíochta eolasach a dhéanamh, cuireadh custaiméirí a d'fhreagair don promóisean amú dul isteach sa tseirbhís agus ina dhiaidh sin tabhaíodh muirir orthu. Bhí ar Zamano an neamhchomhlíonadh a réiteach maidir le sáruithe an Chóid agus úsáideoirí deiridh a ndearnadh dochar dóibh a chúiteamh.

## Rialachán Fánaíochta

De réir feidhm reachtúil leanann ComReg le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí móibíleacha Éireannacha, i ndáil leis an Rialachán Fánaíochta a chur i bhfeidhm.

Ar an 15 Meitheamh 2017 tugadh isteach rialacha nua ar úsáid d'fhón móibíleach agus tú ag taisteal laistigh de Cheantar Eacnamaíoch na hEorpa (EEA) sé sin an tAontas Eorpach, Iorua, an Íoslainn agus an Lichtenstein.

Ar an 16 Meitheamh d'fhoilsigh Comreg Fógra Faisnéise, (ComReg 17/55r) ina bhfuil achoimre ar na muirir nua Rome Like At Home (RLAH)[12]. Chun feasacht agus trédhearcacht a chur chun cinn a thuilleadh do thomhaltóirí agus iad ag fánaíocht, cuireann suíomh gréasáin ComReg eolas ar fáil ar fhánaíocht mhóibíleach, treoir um fhánaíocht mhóibíleach agus eolas ar RLAH a chur i bhfeidhm.

Gearrtar muirear de réir an phraghais mhiondíola sa bhaile ar chustaiméirí as fón móibíleach a úsáid fad is atá siad ag taisteal - déantar tagairt dó sin mar as Rome Like At Home (RLAH). Má tá seirbhísí cuachta ceannaithe ag custaiméar móibíleach (praghasphleananna ag a bhfuil liúntais sonraí, téacs agus glao) tá aon úsáid fánaíochta laghdaithe ón gcuachta baile sin. Má úsáidtear suas an liúntas cuachta go léir ansin is é an "Praghas Baile" an gnáthphraghas a íoctar sa bhaile ar úsáid as cuachta an praghas a ghearrtar. Roimh Mheitheamh ceadaíodh do sholáthróirí seirbhíse fánaíochta muirear breise a fhorchur os cionn an praghais bhaile (fomhuirear) as úsáid fánaíochta mhiondíola. Le tabhairt isteach RLAH ní féidir le soláthróirí seirbhíse níos mó a ghearradh ná mar a bheadh gearrtha dá mbeadh an custaiméar ag úsáid na seirbhíse seo ina thír féin sé sin an praghas baile. Mar sin féin tá eisceachtaí ann. Áirítear orthu sin an cumas beartas úsáid chothrom a chur i bhfeidhm do shonraí, bearta frithmhí-úsáide agus forálacha inbhuanaitheacha. Chomh maith leis sin tá bearta trédhearcachta i bhfeidhm a chabhróidh le custaiméirí fánaíochta a gcuid úsáide agus a gcostais a bhainistiú.

## Sonraí

Is féidir le tomhaltóirí na liúntais iomlána atá acu sa bhaile a úsáid do ghuthghlaonna agus téacsanna. Mar sin féin i roinnt cásanna is féidir le soláthróirí seirbhíse beartas úsáid chothrom a chur i bhfeidhm ar úsáid sonraí a chuireann teorainn leis an méid sonraí gur féidir leat a úsáid as do chuachta baile fad is ag fánaíocht. Cinntítear na teorainneacha seo má chuireann soláthróirí seirbhíse fánaíochta iad i bhfeidhm de réir an chineáil chonartha (iaríocaíocht nó réamhíocaíocht) agus an liúntas sonraí atá agat. Tá foirmle lena mheastar má tá beartas úsáid chothrom i bhfeidhm ar do liúntas sonraí agus tá sé sin ar fáil ar shuíomh ghréasáin ComReg. Ba chóir go mbeadh gach tomhaltóir feasach ar aon teorainneacha sonraí

12 Doiciméad ComReg 17/55r www.comreg.ie/publications

a bhaineann fad is ag fánaíocht mar tá cásanna éagsúla ann lena mbaineann ríomhanna éagsúla chun teorainneacha sonraí a chinntiú. Molann ComReg do thomhaltóirí dul i dteagmháil lena n-oibritheoir go díreach sula dtaistilíonn siad chun deimhin a dhéanamh den liúntas agus/nó Beartais Úsáid Chothrom (FUP) a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm.

## Trédhearcacht

Leanann tomhaltóirí atá ag fánaíocht le teachtaireacht phearsantaithe SMS a fháil tar éis dul i dtír i gCeantar Eacnamaíochta eile na hEorpa (EEA). Sa teachtaireacht seo tá mionsonraí ar nós praghais ghlaonna a dhéanamh agus a fháil (seachas CBL), SMS a sheoladh agus aon bheartas úsáide agus muirir sa bhreis ar theorainneacha agus formhuirir, uimhir fóin saor in aisce le haghaidh níos mó eolais agus uimhir na seirbhísi éigeandála.

Faigheann tomhaltóirí a bhíonn ag fánaíocht forláireamh nuair a bhíonn an teorainn airgeadais €50 (seachas CBL) sroichte. Tá an teorainn airgeadais nó toirte ar ídiú fánaíochta sonraí €50 (seachas CBB) do thréimhse bhileála in aghaidh na míosa. Iarrtar ar thomhaltóirí ansin a chinntiú más mian leo leanúint ar agaidh ag úsáid sonraí. Chomh maith leis sin tá an ceart ag tomhaltóirí eolas níos mionsonraithe a iarraidh agus a fháil saor in aisce óna soláthróir seirbhíse fánaíochta ó áit ar bith i gCeantar Eacnamaíochta na hÉorpa.

## Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála

Tá ComReg freagrach go reachtúil as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht seirbhíse soláthróir na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS) agus as athbhreithniú a dhéanamh ar Tháille Láimhseála Glaonna (CHF) a d'fhéadfadh soláthróir na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS) a ghearradh.

Leanann an tseirbhís ag feidhmiú go dtí na sonraíochtaí cáilíochta leagtha síos ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Comhshaoil sa bhunchonradh 2009 leis an soláthróir seirbhíse. In Eanáir 2017 chinntigh ComReg tar éis athbhreithnithe ar na costais a tabhaíodh ag soláthróir na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS) chun an uas-Táille Láimhseála Glaonna €3.95 a choinneáil in aghaidh an ghlao don tréimhse 12 Feabhra 2017 go dtí 11 Feabhra 2018. Níl muirear gearrtha ar an tomhaltóir ar ghlaonna go 999 nó 112 de bhrí go bhfuil an costas sin á íoc ag an líonra teileachumarsáide tíolactha.

## Seirbhís Uilíoch do Chumarsáid Leictreonach

Gné lárnach dár gcuid oibre ar chosaint an tomhaltóra is ea a chinntiú go bhfuil seirbhís cumarsáide leictreonaí uilíche ar fáil.

In Iúil 2016 tar éis sraith chomhairliúchán poiblí sannadh Eircom Teo. mar Sholáthróir Seirbhíse Uilíoch de réir Rialachán na gComhphobal Eorpacha (Seirbhísí agus Líonraí Cumarsáide Leictreonacha) (Seiirbhís Uilioch agus Cearta Úsáideoirí) 2011, chun rochtain a chur ar fáil ag Suíomh Seasta ar feadh cúig bliana go dtí 30 Meitheamh 2021 (D05/16).[13]

## Cáilíocht Seirbhíse Oibleagáid Seirbhíse Uilíche (USO)

I bhFeabhra shonraigh ComReg spriocanna feidhmiúlachta um cháilíocht seirbhíse bliantúla maidir le gnéithe áirithe den tseirbhis uilíoch a sholáthar i D03/17.

Agus na spriocanna seo á leagan síos bhí aird ag ComReg ar na prionsabail seo a leanas:-

- Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag na spriocanna leasa na n-úsáideoirí deiridh a chothromú le infheistíocht éifeachtúil a chur chun cinn.
- Ba chóir go gceadódh na spriocanna d'Eircom Teo., solúbacht a bheith acu infheistíocht (i líonraí reatha agus nua) agus coigeartú caiteachais a chomhardú mar a mheasann sé a bheith cuí chun a spriocanna a chomhlíonadh.

13 Cinneadh ComReg D05/16, Eircom Teo.,. Achomharctha chuig an Ard-Chúirt ar an 8 Márta 2017, scriosadh amach na himeachtaí gan aon ordú maidir le costais

- Ba chóir go mbeadh impleachtaí agus costas eile d'Eircom Teo., comhréireach.

Thug ComReg sprioc nua "infhaighteacht seirbhíse" isteach ina bhfuil cumasc den dá mheadracht roimhe seo le chéile eadhon tarlú lochta agus deisiú lochta[14]. Chomh maith leis sin thug ComReg spriocanna bliantúla náisiúnta agus fonáisiúnta isteach ar infhaighteacht seirbhíse agus naisc araon. Tá na bearta cáilíochta seirbhíse seo éifeachtach ó 2 Feabhra 2017 go dtí 31 Nollaig 2018.

## Seirbhís Uilíoch Cáilíocht Seirbhíse Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Rinne ComReg measúnú ar chomhlíonadh Oibleagáid Seirbhíse Uilíche (USO) Eircom Teo.,i gcoinne spriocanna sonraithe in ComReg D02/08 ón 1 Eanáir 2016 go dtí 31 Nollaig 2016 maidir le hamscálaí le haghaidh nasctha, deisiú lochta agus tárlú ráta lochta. D'fhoilsigh ComReg Fógraí Faisnéise ag léiriú feidhmíochta um Oibleagáid Seirbhíse Uilíche (USO) Eircom Teo., ar bhonn ráitiúla. Foilsíodh Sonraí Feidhmíochta do Ráithe 4 2016 agus Bliantúil 2016 ar an 12 Meitheamh 2017 in ComReg 17/54. In Aibreán 2017 d'íoc Eircom Teo., €1,525,000 do ComReg as teip air comhlíonadh le dualgais feidhmíochta um cháilíocht seirbhíse den Oibleagáid Seirbhíse Uilíche (USO) ag éirí as ComReg D02/08 do 2016.

## Costas Oibleagáid Seirbhíse Uilíche (USO)

I mBealtaine 2011 i ndiaidh próiseas comhairliúcháin d'eisigh ComReg Doiciméad D04/11 maidir le prionsabail agus modheolaíochtaí glanchostas a bhunú chun seirbhís uilíoch a chur ar fáil. Thug an cinneadh an bunús ar a ríomhtar glanchostas na seirbhíse uilíche a chur ar fáil agus cuirfidh ar cumas Comreg a chinntiú má tá an glanchostas, más ann, ina ualach neamhchothrom ar an tseirbhís uilíoch.

Tá ComReg ag ullmhú chun próiseas comhairliúcháin a thosú (i R 4 2017) ar mheasúnú iarratais Eircom Teo., le haghaidh maoinithe do na tréimhsí 2010-2011, 2011-2012, 2012-2013, 2013-2014; 2014-2015, agus 2015-2016 a chuir Eircom Teo., isteach arís idir Meán Fómhair 2014 agus Márta 2017[15].

14 Tá cinneadh déanta ag ComReg an sprioc seo a chur in iúl i dtéarmaí "éaradh seirbhíse uasmhéid laethanta oibre in aghaidh na líne" in ionad mar luach "chéadatáin"

15 Doiciméad ComReg D04/11 www.comreg.ie/publications

# Comórtas



Le linn na tuarascála seo bhí roinnt forbairtí tábhachtacha ann. Mhéadaigh comórtas idir soláthróiri seirbhíse agus lean sciar an mhargaidh d'oibritheoirí malartacha ag méadú. Rinne ComReg cinntí a bhain le praghsáil réimse tairgí rochtana mórdhíola Eircom Teo., rátaí um chríochnaithe mhóibíligh agus anailís ar mhargaidh trasdula agus bunsamhaltú glao seasta mhórdhíola.

**Figiúr 14: Rialachán chun Iomaíocht a Chur Chun Cinn**

**Ag Rialú chun Iomaíocht a Cur Chun Cinn**



## Treochtaí Miondíola

Bhí ioncam miondíola iomlán de €3.092 bhilliún suas sa dá mhí dhéag go Meitheamh 2017 ó sa bhreis is €3.056 bhilliún thar an 12 mhí roimhe sin. Le linn na tréimhse laghdaigh sciar miondíola d'ioncaim sheasta Eircom Teo., 1.1% thar an mbliain go 48.1% de na hioncaim mhiondíola líne sheasta foriomláin. Bhí 1,685,369 síntiús leathanbhanda (seasta agus móibíleach) ann, méadú 0.3% i gcomparáid le Meitheamh 2016. D'fhás síntiúis leathanbhanda sheasta go 1,379,049, méadú 3.6% thar an 12 mhí roimhe sin.

Mhéadaigh treá teaghlaigh leathanbhanda sheasta ó 67.9% go 70.09$. De réir sonraí Eurostat[16] ba é ráta treáite leathanbhanda móibíleach agus seasta teaghlaigh na hÉireann ná 86% ag deireadh 2016 i gcomparáid le meánráta treáite teaghlaigh AE de 83%. Ba é sciar miondíola de mhargadh leathanbhanda seasta Eircom Teo., ag deireadh Mheitheamh 2016 ná 32.2% i dtéarmaí líon rannpháirtithe, titim 1.5 pointí céadatáin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Laghdaigh sciar Virgin Media ó 27.4% go 26.7% sa tréimhse sin. Sholáthraigh oibritheoirí eile timpeall 35.9% de shíntiúis leathanbhanda seasta ag úsáid táirgí sruth giotán mórdhíola, Díchuachadh na Lúibe Logánta (DLL) agus Rochtain Díchuachta Fíorúil Eircom Teo.

## An Chéad Ghlúin eile Leathanbhanda agus Rochtana

Ó Mheitheamh 2017 bhí timpeall 1.7m áitreabh ceadaithe ag líonraí Eircom um Rochtain na Chéad Ghlúine Eile (NGA) lena n-áirítear teicneolaíochtaí bunaithe cábla snátoptaice go colbha (FTTC) agus cábla snáthoptaice go háitreabh (FTTC). Bhí 551k rannpháirtithe san iomlán ag úsáid na seirbhísí seo. Díobh seo chuir Miondíol Eircom 48.1% ar fáil fad is a chuir Oibritheoirí eile 51.9% ar fáil ag úsáid tachar táirge na Chéad Ghlúine Eile (NGA) mórdíola de chuid Eircom Teo.

Lean Virgin Media le bheith ina ghníomhaí suntasach sa mhargadh, ag fógrú luasanna iartheachtacha os cionn 300Mbps. De réir torthaí poiblí[17] bhí líonraí Virgin Media seolta i 822,700 teaghlach agus áitreabh ag an 30 Meitheamh 2017. Bhí 366,100 rannpháirtithe leathanbhanda aige ag an dáta sin sé sin 27.4% den mhargadh leathanbhanda seasta.

Bhí SIRO, comhfhiontar idir BSL agus Vodafone, ag rolladh amach cábla snáthoptaice go teaghlaigh agus gnónna freisin i roinnt bailte móra roghnaithe trasna na tíre.

Leanadh le méadú meánluasanna leathanbhanda seasta. I Meitheamh 2017 bhí timpeall 80% de shíntiúis leathanbhanda seasta go léir comhionann nó níos mó ná 10Mbps,suas ó 75% i Meitheamh 2016, fad is ag deireadh na tréimhse athbhreithnithe seo bhí 69.1% de shíntiúis leathanbhanda seasta go léir comhionann nó níos mó ná 30Mbps suas ó 60.1% i R2 2016.

Mhéadaigh síntiúis leathanbhanda seasta mhiondíola iomlána ó 1.33m i Meitheamh 2016 go 1.39m i Meitheamh 2017. Díobh sin chuir Miondíol Eircom 32.2% ar fáil (síos ó 33.7% i R2 2016); 26.7% ag Virgin Media, timpeall 19.3% ag Vodafone, timpeall 12.2% ag Sky agus 9.6% ag na hoibritheoirí eile. Tá na seirbhísí leathanbhanda miondíola curtha ar fáil ag Vodafone, Sky agus oibritheoirí (seachas Eircom Teo., agus Virgin Media) cumasaithe ag a leithéad d'oibritheoirí ag úsáid táirgí mórdhíola ar nós táirgí Shruth Giotán agus Rochtain Díchuachta Fíorúil (VUA).

16 www.ec.europa.eu/eurostat/web/products-datasets/-/ isoc_ci_it_h.

17 www.ec.europa.eu/eurostat/web/products-datasets/-/ isoc_ci_it_h.

## Anailís ar an Margadh

In Éirinn cinntear scóip agus nádúr rialacháin teileachumarsáide trí phróiseas leagtha amach i nDlí na hEorpa ar a dtugtar anailís ar an margadh. Mar chuid den phróiseas ní mór do ComReg ar an gcéad dul síos na margaidh a d'fhéadfadh a bheith laistigh de scóip rialacháin a shainmhíniú agus aird aige ar liosta margaidh mholta foilsithe ag Coimisiún na hEorpa. Agus an margadh ábhartha sainmhínithe, ní mór do ComReg measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil aon chuideachta nó cuideachtaí i gcomhpháirt nó go leithleach go ceannasach laistigh den mhargadh nó nach bhfuil.

Mar mheasúnú deiridh má tá oibritheoir ceannasach ann ní mór dó réiteach amháin ar a laghad a chur i bhfeidhm chun éifeacht na ceannasachta seo a mhaolú bunaithe ar liosta leagtha amach sa reachtaíocht. Mar shampla féadfaidh oibritheoir ceannasach a bheith ag teastáil ó ComReg chun a líonra a oscailt suas d'iomaitheoirí ag an leibhéal mórdhíola. Go praiticiúil tá an-chuid is mó de rialachán teileachumarsáide dírithe ar an leibhéal mórdhíola; ag an 30 Meitheamh 2017 ní raibh ach margadh amháin miondíola faoi réir rialacháin - an margadh um rochtain mhiondíola ar an líonra teileafóin phoiblí ag suíomh seasta (cíos líne).

Ag leanúint ar chomhairliúcháin níos luaithe, in Iúil 2015 d'fhoilsigh ComReg a chinneadh[18] maidir lena anailís ar mhargaidh tionscanta ghlao agus rochtain sheasta mhódhíola (FACO) agus an margadh trasdula guthghlao. Ag éirí as an athbhreithniú margaidh seo sainíodh Eircom Teo., as Cumhacht Suntasach sa Mhargadh (SMP) a bheith aige sa mhargadh tionscanta ghlao agus rochtain sheasta (FACO) agus tá dualgais éagsúla curtha air chun i measc nithe eile, Cíos Líne Miondíola agus seirbhísí tionscanta ghlao a chur ar fáil d'oibritheoirí eile. Bhain ComReg rialacháin go léir freisin ón margadh trasdula ghuthghlao mar aithníodh go raibh siad iomaíoch.

Thosaigh ComReg a chuid anailíse freisin ar roinnt mhargadh mórdhíola lena n-áirítear na margaidh mhórdhíola do:

1. Rochtain Ardcháilíochta (HQA): seirbhísí leathanbhanda siméadracha ardluais mhórdhíola a úsáidtear mar ionchuir chun seirbhísí leathanbhanda miondíola/iartheachtacha a chur ar fáil do ghnónna meánmhéide agus móra chomh maith lena n-úsáid ag soláthróirí seirbhíse chun teorainneacha dá líonraí a leathnú. D'eisigh ComReg a chomhairliúchán ar Rochtain Ardcháilíochta (HQA) i Lúnasa 2016 leis an athbhreithniú ar siúl go leanúnach.

2. Rochtain Logánta Mhiórdhíola (WLA) agus Rochtain Lárnach Mhórdhíola (WCA): dhá mhargadh logánta a úsáidtear mar ionchuir chun leathanbhanda miondíola/iartheachtach agus seirbhísí teileafónaíochta (i measc cuid eile) a chur ar fáil. D'eisigh ComReg a chomhairliúchán ar Rochtain Logánta Mhórdhíola/Rochtain Lárnach Mhórdhíola i Samhain 2016 le hathbhreithniú leanúnach ar siúl.

3. Críochnú Guthghlao Seasta (FVCT) agus Críochnú Guthghlao Móibíleach (MVCT): dhá mhargadh mhórdhíola lena mbaineann críochnú glaonna ar líonraí páirtithe glaoite. Obair ullmhúcháin ar anailís um Chríochnú Guthghlao Seasta (FVCT) agus Críochnú Guthghlao Móibíleach (MVCT) leanúnach ar siúl.

Tá ComReg an-ghnóthach ag bailiú faisnéise ó sholathróirí seirbhíse ag úsáid a chumhachtaí um faisnéis reachtúil a bhailiú.

18 Doiciméad ComReg 15/87 D05/15 www.comreg.ie/publications

## Saincheisteanna Comhlíonta um an Margadh Seasta

Le linn na tréimhse rinne ComReg athbhreithniú ar shamhail Rialachas Rialála Eircom (eir) Teo. Thosaigh Céim 2 den athbhreithniú i Meán Fómhair 2016 agus críochnaíodh é i Marta 2017. Fuair ComReg dréacht-tuarascálacha óna Chomhairleoirí le breathnú ar an ábhar agus an foilsiúchán.

Seachas sin tá ComReg ag tabhairt faoi fhadhbanna ieanúnacha maidir leis an gcaoi ina bhfuil Eircom Teo.ag comhlíonadh lena dhualgais rialála. Tá imeachtaí cúirte tionscanta aige i gcoinne Eircom Teo., maidir le cúig thorthaí um sháruithe dá dhualgais rialála thar an tréimhse ó Iúil 2011 go Iúil 2015. Bhí roinnt fiosrúchán eile leanúnach freisin lena n-áirítear fiosrúcháin a bhaineann le cúrsaí pléite i dtuarascálacha na gComhairleoirí.

## Comhlíonadh

Clúdaíonn an mhír seo fiosrúcháin ar sháruithe dualgais rialála ag oibritheoirí de chuid telecom, teagmhais a bhaineann le mí-úsáid uimhreacha Éireannacha agus tuairiscí ar theagmhais líonra shuntasacha.

Nuair atáthar ag plé le cás fiosrúcháin dualgais rialála féadfar teacht ar chinneadh go raibh neamhchomhlíonadh nó íocaíocht riaracháin i gceist ag an oibritheoir, imeachtaí cúirte nó cás a dhúnadh i gcás nach n-aithnítear aon tsaincheist nó dúnadh tar éis feabhsúcháin oibritheora sa chás go measann ComReg nach bhfuil aon chaingean eile riachtanach.

Le linn na tréimhse seo áiríodh i ngníomhaíochtaí comhlíonta telecom ComReg:

- Comhlíonadh rialála:
  - 35 chás oscailte
  - 20 cás oscalte
  - 48 gcás leanúnacha
- M-úsáid uimhreacha Éireannacha:
  - 104 chás oscailte
  - 100 cás dúnta
- Tuairiscí um theagmhas líonra:
  - 15 theagmhas tuairiscithe

Bainteach leis na cásanna comhlíonta rialála, rinne ComReg 23 fhosrúchán gníomhacha ar an oibritheoir reatha líne seasta agus 12 fhiosrúchán chomhlíonta ghníomhacha ar oibritheoirí móibíleacha.

# Bainistíocht Speictream Raidió



Meán is ea speictream raidió trína tharchuirtear faisnéis thar achair ó réimse cúpla méadar go dtí na mílte ciliméadar gan sreanga. Tá sé bunriachtanach do sholáthar cumarsáid móibíleach agus seirbhísí craolta a ghlacadh gan sreanga.

Tá speictream raidió bunriachtanach freisin d'oibriú slán aeriompar agus iompar muirí, oibriú laethúil na bhFórsaí Cosanta agus na seirbhísí éigeandála chomh maith le bheith ríthábhachtach d'iliomad féidhmiúcháin eolaíochta thábhachtacha. Mar acmhainn nádúrtha chríochta ní mór í a bhainistiú go stuama chun úsáid éifeachtúil agus éifeachtach na hacmhainne a chinntiú.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú tosaíodh ar agus nó críochnaíodh iliomad príomhthionscadal speictrim bhainistíochta mar atá mionsonraithe thíos.

## Bronnadh banda 3.6 GHz

Is banda speictream tábhachtach an banda 3.6 GHz chun leasa soláthróirí seirbhie idirlín gan sreanga (WISPanna) agus oibritheoirí líonraí móibíleacha (MNOanna). Tá éagsúlacht úsáidí féideartha aige lena n-áirítear tabhairt faoi shrianta acmhainn mhóibíleach agus a bheith ina chroíbhanda chun seirbhísí leathanbhanda gan sreanga seasta a chur ar fáil agus a fheabhsú go háirithe i gceantair tuaithe. Chomh maith leis sin tá an banda aitheanta ag Grúpa Beartais Speictream Raidió na hEorpa (RSPG)[19] mar bhanda iarrthóra chun seirbhísí nua 5G a thabhairt isteach.[20]

Tar éis do ComReg a phróiseas comhairliúcháin a chríochnú ar an 24 Lúnasa 2016 thionscain sé an próiseas bronnta don bhanda 3.6Ghz le foilsiú a

19 Grúpa ardleibhéil chomhairliúcháin is ea an Grúpa Beartais Speictream Raidió a chabhraíonn le Coimisiún na hEorpa i bhforbairt beartais speictream raidió. Glacann sé le tuairimí, staidpháipéir agus tuarascálacha chomh maith le ráitis a eisiúint, atá mar aidhm acu cabhair agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ag leibhéal straitéiseach ar shaincheisteanna beartais speictream raidió, comhordú maidir le cuir chuige beartais agus coinníollacha comhoiriúnaithe, nuair is cuí, maidir le húsáid éifeachtúil agus infhaighteacht speictream raidió riachtanach do bhunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

20 Tuairim RSPG, "Strategic roadmap towards 5G for Europe" 9 Samhain 2016,

Mheamram Faisnéise (Doiciméad ComReg 16/71). Leagtar amach sa Mheamram Faisnéise seo na próisis, nósanna imeachta agus rialacha ceant don 350 Mhz speictrim sa bhanda 3.6 Ghz i ngach ceann de na naoi réigiún den Stát (cúig uirbeach agus cúig tuaithe) don tréimhse 2017 go 2032. Ar an 22 Bealtaine 2017 d'fhoilsigh ComReg torthaí an bhronnta (Doiciméad ComReg 17/38) a raibh mar thoradh air sannadh rathúil 350 Mhz speictream ar fáil, i réigiúin ar fad den Stát do chúig thairgeoir buachana.

- **Imagine Communications Ireland Ltd** an WISP is mó reatha ina raibh os cionn 80% de na ceadúnais roimhe seo sa bhanda;
- **Airspan Spectrum Holdings Ltd** iontrálach nua i margadh na hÉireann;
- **Vodafone Ireland Ltd** oibritheoir líonra móibíleach reatha;
- **Three Ireland Hutchison Ltd** oibritheoir líonra móibíleach reatha; agus
- **Meteor Mobile Communications Ltd** oibritheoir líonra móibíleach reatha.

Le scaoileadh an bhanda 3.6 MHz méadaíodh 86% an méid speictream comhchuibhithe do sheirbhísí leathanbhanda móibíleacha, fánaíochta agus seasta gan sreanga in Éirinn agus cuireann Éire ag urgharda na hEorpa, tar éis 350 Mhz den bhanda a scaoileadh ag comhlíonadh go hiomlán le cinneadh comhchuibhithe Choimisiún na hEorpa don Bhanda 3.6 GHz.

Tá torthaí iomlána an bhronnta léirithe i dtábla 1. Thar shaolré an cheadúnais, íocfaidh tairgeoirí buachana os cionn €78 milliún, déanta suas de €60.5m i dtáillí láithreacha agus timpeall €17.7m i dtáillí úsáide speictrim le híoc thar na 15 bliana a mhairfidh na ceadúnais.

**Figiúr 15: Torthaí an Bhronnta um Speictream Banda 3**

| Ceantar | Airspan Spectrum Holdings Ltd | Imagine Communications Ireland Ltd | Meteor Mobile Communications Ltd | Three Ireland (Hutchison) Ltd | Vodafone Ireland Ltd |
|---|---|---|---|---|---|
| Teorainneacha Lár Tíre agus Iarthar | 25 MHz | 60 MHz | 80 MHz | 100 MHz | 85 MHz |
| Iardheisceart | 25 MHz | 60 MHz | 80 MHz | 100 MHz | 85 MHz |
| Oirthear | 25 MHz | 60 MHz | 80 MHz | 100 MHz | 85 MHz |
| Oirdheisceart | 25 MHz | 60 MHz | 80 MHz | 100 MHz | 85 MHz |
| Cathair Bhaile Átha Cliath agus bruachbhailte | 60 MHz | - | 85 MHz | 100 MHz | 105 MHz |
| Cathair Chorcaí agus Bruachbhailte | 60 MHz | - | 85 MHz | 100 MHz | 105 MHz |
| Cathair Luimnigh agus Bruachbhailte | 60 MHz | - | 85 MHz | 100 MHz | 105 MHz |
| Cathair na Gaillimhe agus Bruachbhailte | 60 MHz | - | 85 MHz | 100 MHz | 105 MHz |
| Cathair Phort Láirge agus Brachbhailte | 60 MHz | - | 85 MHz | 100 MHz | 105 MHz |
| Táillí Láithreacha Deiridh[21] | € 7,556,700 | € 8,128,800 | € 11,498,400 | € 15,313,700 | € 17,968,712 |
| Táillí úsáide Speictrim Iomlána[22] | € 2,078,550 | € 1,640,520 | € 4,163,610 | € 5,059,200 | € 4,765,320 |
| **IOMLÁN** | | | | | **€ 78,173,512** |

21 Táillí láithreacha deiridh ag brath ar aon aisíocaíochtaí táille cheadúnais maidir le tosú déanach ag éirí as Gníomhaíochtaí Idirlinne mar atá mionsonraithe sa Mheamram Faisnéise.

22 Beidh Taillí Úsáide Speictrim innéacaithe do CPI agus íoctha go bliantúil thar shaol an Bhronnta. Ní ghlacann figiúirí sa tábla seo aon choigeartú agus tá siad curtha i láthair go táscach.

## Pleanna speictrim TDT (DTT) comhordaithe sa bhanda (MUA) UHF thíos faoin mbanda 700 MHz

Tá an speictream raidió 694 - 790 MHz ar a dtugtar an banda 700 MHz á úsáid le fada chun seirbhís Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) a chur ar fáil in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. I 2012 bheartaigh an tAontas Idirnáisiúnta Teileachunarsáide (ITU) go bhféadfaidh an banda 700 Mhz a úsáid freisin chun seirbhísí móibíleacha a chur ar fáil san Eoraip, san Afraic agus sa Mheánoirthear chomh maith lena úsáid chun seirbhísí TDT (DTT) a chur ar fáil. Cuirfear seirbhísí TDT (DTT) thíos faoin mbanda 700 MHz ar fáil go leanúnach sa bhanda 470 - 694 MHz.

Ó tógadh cinneadh an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU) tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh chun an banda 700 Mhz a chur ar fáil do theicneolaíochtai agus seirbhísí eile seachas TDT (DTT) ag an leibhéal Eorpach agus náisiúnta. Ag an leibhéal Eorpach tá bearta comhoiriúnaithe teicniúla in ionad anois chun úsáid teicneolaíochtaí móibíleacha (m.sh. ITE) sa bhanda 700 Mhz a cheadú agus éilítear trí chinneadh AE le déanaí ar Bhallstáit AE cead a thabhairt don bhanda 700 Mhz a úsáid chun críocha seachas TDT (DTT) roimh 30 Meitheamh 2020.

De bhrí nach bhfuil minicíochtaí raidió faoi réir teorainneacha poilitiúla, ní mór d'Éirinn a cuid phleananna speictrim a chomhordú le tíortha comharsanacha chun úsáid éifeachtúil speictream raidió a éascú i dtíortha go léir ag díriú go háirithe ar thrasnaíocht trasteorann a chosc nó a íoslaghdú. Maidir leis an Ríocht Aontaithe críochnaíodh plean ar an 24 Márta 2017 nuair a shínigh Ofcom agus ComReg an Meamram Tuisceana (MoU) chun seirbhísí TDD (DTT) a sholáthar go leanúnach thíos faoin mbanda 700MHz. Chun cur chun feidhme an phlean a éascú d'aontaigh ComReg[23] agus Ofcom meamram tuisceana eile (MoU)[24] chun gníomhaíochtaí trasdula a chomhordú. Leanfar leis an obair chun TDD (DTT) a aistriú ón mbanda 700 MHz sa dá dhlínse go dtí go mbeidh an t-aistriú críochnaithe.
Tá tréithe buntáisteacha forleata ag Speictream sa réimse minicíochta 470 - 694 Mhz sé sin taistilíonn sé i bhfad agus úsáideann líonraí TDD (DTT) crainn arda le cumhacht an-ard. Mar sin rinne ComReg idirbheartaíocht um chomhaontas comhordaithe leis an bhFrainc maidir le seirbhísí TDD (DTT) sa bhanda 470 - 694 Mhz agus críochnaíodh an comhaontas[25] agus é curtha i bhfeidhm ar an 28 Aibreán 2016.

Cé nach bhfuil éifeacht ag seirbhísí TDD (DTT) ar thíortha Eorpacha seachas ár gcomharsana béal dorais sa RA agus sa bhFrainc bhí sé riachtanach freisin d'Éirinn páirt a ghlacadh i ngrúpa pleanála réigiúnaigh iltaobhaigh níos leithne. An chúis atá leis seo ná go bhféadfadh pleananna speictrim tíortha Eorpacha seachas an RA agus an Fhrainc éifeacht neamhdhíreach a bheith acu ar Éirinn de bhrí go bhfuil éifeacht ag na tíortha seo ar phleananna speictrim an RA agus na Fraince. Ar an 29 Aibreán 2016 shínigh rialtais ábhartha na Beilge, na Fraince, na Gearmáine, na hÉireann, an Lucsamburg, na hÍsiltíre agus an Ríocht Aontaithe comhaontas iltaobhach chun pleananna TDD (DTT) don bhanda 470 - 694 Mhz a chomhordú.[26]

## Meicníocht chun Costais an 700 MHz a Fháil ar Ais

Choimisiúnaigh ComReg Frontier Economics Ltd., anailís costais is tairbhe a chomhlíonadh (CBA) ar athearraíocht a bhaint as an mbanda 700 Mhz. Foilsithe i Meitheamh 2015[27], fuarthas san anailís go mbeadh an glansochar de €91m mar thoradh ar athearraíocht a bhaint as an 700 MHz in Éirinn. Aithníodh sa tuarascáil freisin go mbeadh costais á dtabhú ar oibritheoir an líonra TDD (DTT) reatha 2m lasmuigh dá ghnáthchostais oibriúcháin trí athearraíocht an bhanda 700 MHz a bhaint.

Ina dhiaidh sin, in Iúil 2015, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE) cabhair ComReg chun meicníocht chostais a fháil ar ais (CRM) a fhorbairt le cur i bhfeidhm ar chaiteachas amach anseo ar líonra Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT).

23 Doiciméad ComReg 17/23a www.comreg.ie/publications
24 Doicimead ComReg 17/23b www.comreg.ie/publications
25 Doiciméad ComReg17/23c www.comreg.ie/publications
26 Doiciméad ComReg Document 17/23d www.comreg.ie/publications
27 Doiciméid ComReg 15/62, 15/62a and 15/62b. www.comreg.ie/publications

D'fhostaigh ComReg Frontier Economics chun anailís agus measúnú réasúnaithe go hiomlán a dhéanamh ar na costais chaipitil agus oibriúcháin a tabhaíodh go héifeachtúil a d'fhéadfadh 2m agus sa deireadh RTÉ a thabú mar thoradh ar TDD (DTT) ag aistriú ón mbanda 700 Mgz.

Foilsíodh tuarascáil Frontier Economics[28] i Nollaig 2016 agus meastar inti go bhféadfaí na costais incriminteacha a d'fhéadfaí 2m a tabhú mar thoradh ar aistriú 700 Mhz a bheith suas go €8.6 milliún. Leag an tuarascáil síos an bunús chun measúnú a dhéanamh ar an gcúiteamh iníoctha do RTÉ chun a leithéid d'aistriú a chlúdach agus go n-íocfaí a leithéid de chúiteamh i dtrí chéim, mar seo a leanas:

i. Céim 1 go luath i 2017: 60% chun tairiscint agus suiteáil fearas a chlúdach;

ii. Céim 2 déanach i 2017; 30% chun tairiscint agus suiteáil bhreise fearas a chlúdach (le suiteáil i Samhradh 2018);

iii. Céim 3 2020; 10% chun an réiteach deiridh idir costais tuartha agus iarbhír a chlúdach;

Leanfaidh ComReg ag obair leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE) agus Frontier Economics chun monatóireacht a dhéanamh ar chostais agus caiteachais a fhíorú chun a chinntiú go gcomhlíontar sceideal na gcéimeanna cúitimh.

**Figiúr 16: Seasamh Speictrim**




28 Doiciméad ComReg 16/114a www.comreg.ie/publications

## Léasú Speictrim i mbandaí an Chláir Bheartais um an Speictream Raidió (RSPP) agus 700 MHz

I Meitheamh 2017 thosaigh ComReg comhairliúchán poiblí (Comhairliúchán 17/47) ar chreat don athbhreithniú ex-ante ar léasanna speictrim mholta sa Chlár Beartais um an Speictream Raidió (RSPP) AE agus sna bandaí 700 Mhz[29] speictream raidió.

Mar achoimre, moladh i gComhairliúchán 17/47 na nósanna imeachta reatha chun athbhreithniú a dhéanamh ar aistrithe speictrim fógraithe a leathnú arna mbunú faoi I.R Uimh. 34 de 2014 i 2014 chun léasanna speictrim a chuimsiú agus chuirfear ar cumas gnóthais dá bharr cearta úsáide speictrim a fháil ar speictream raidió de réir nósanna imeachta léasaithe speictrim mar atá sonraithe ag ComReg.

## Tastáil agus Trial Éireann

Cuireann suíomh geografach na hÉireann ar chósta iarthar na hEorpa agus a daonra ísealdlúis príomhbhuntáiste nádúrtha ar fáil eadhon leorgacht choibhneasta speictream neamhúsáidte. Seirbhís is ea Tastáil agus Triail Éireann a fhéadfaidh fiontraithe, lucht taighde agus forbróirí a úsáid chun teicneolaíochtaí gan sreanga a thastáil nó a thriail in éagsúlacht leathan bhandaí mhiniciochta, lena n-áirítear codanna de na bandaí móibíleacha agus craolta. Le linn na bliana faoi athbhreithniú d'eisigh ComReg 19 gceadúnas um Thastáil agus Triail. Tá mionsonraí a thuilleadh ar Tastáil agus Triail Éireann ar **www.testandtrial.ie**.

**Figiúr 17: www.testandtrial.ie**




29 Tháinig cinneadh AE ar úsáid an bhanda minicíochta 470 – 790 Mhz i bhfeidhm i Meitheamh 2017. http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32017D0899&from=EN

## Oibriúcháin Cheadúnaithe

Éilítear údarú ó ComReg chun fearas raidió a úsáid agus a shealbhú in Éirinn. D'fhéadfadh an t-údarú seo a bheith i bhfoirm ceadúnais nó díolúine ó cheadúnas. D'fhéadfaí ceadúnais a eisiúint de réir na reachtaíochta seo a leanas:

- An tAcht Teileagrafaíochta gan Sreanga 1926 (arna leasú);
- An tAcht um Chraoladh 1960 arna leasú (i gcás Údarás RTÉ amháin);
- An tAct Raidió agus Teilifíse,1988 (i gcás Coimisiún Craolta na hÉireann ); nó an
- tAcht um Chraoladh (Leasú) 2007 do Chraoladh Digiteach.

Ó 30 Meitheamh 2017 ba é an líon iomlán ceadúnais raidió ar ár mbunachar sonraí ná 18,561 suas 2% ón tréimhse roimhe sin.

Ba é an líon iomlán ceadúnas nua eisithe sa tréimhse tuarascála seo ná 4020 méadú 20% ar an mbliain roimhe sin. Bhí comhréir shuntasach de na ceadúnais nua a eisíodh (2590) i ndáil le naisc sheasta.

## Taithí Úsáideoir Móibíleach

Le linn na tréimhse bhí roinnt forbairtí suntasacha sa spás maidir le taithí tomhaltóir móibíleach. Chuir ComReg bratach leis seo mar réimse tábhachtach ina Ráiteas Bainistíochta Speictream Raidió 2016 - 2018 (ComReg 16/50).

Féadfaidh mearbhall, a bheith mar thoradh ar thaithí úsáideoir móibíleach agus é níos measa de bharr an ghanntanais taighde agus faisnéise iontaofa ábhartha. Fad is go bhfuil cúig phríomhghné (féach ar fhigiúr 18) atá aitheanta ag ComReg a d'fhéadfadh drochéifeacht a bheith acu ar thaithí úsáideoir móibíleach tá siad go léir pléite nó díospóireacht déanta orthu go ginearálta faoin teideal aonair 'clúdach'.

**Figiúr 18: Príomhghnéithe a bhfuil éifeacht acu ar thaithí úsádeoirí móibíleacha**




Tá ComReg ag iarraidh a sheandícheall a dhéanamh chun soiléireacht a thabhairt don díospóireacht trí theacht suas le fíorais agus sonraí iontaofa agus ag iarraidh go mbeadh an faisnéis seo a bheith ar fáil go réidh. Tá sé seo i gcomhthráth le torthaí agus moltaí tuarascála Tascfhórsa Leathanbhanda agus Móibíleach an Rialtais[30]. Le linn na tréimhse 2016 - 2017 thosaigh ComReg obair sna réimsí seo a leanas:

- Tastáil Feidhmíochta Sás Láimhe Fón Móibíleach;
- Tastáil Ábhair Thógála;
- Suíomh gréasáin Seiceálaí Raon Clúdaigh a fhorbairt; agus,
- Comhairliúchán a fhorbairt ar úsáid athsheoltóirí fón móibíleach.

Tá sé i gceist go gcabhróidh an obair seo chun tomhaltóirí a chur ar an eolas agus a chosaint. Tá súil

30 http://www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/publications/Pages/Report-of-the-Mobile-Phone-and-Broadband-Taskforce.aspx

ag ComReg tosú ag foilsiú faisnéise ar na cúrsaí seo sna tréimhsí tuarascálacha atá le teacht.

## Intleacht agus Fiosrúchán Speictrim

Tá Aonad Fiosrúcháin agus Intleachta Speictrim ComReg freagrach as comhlíonadh le reachtaíocht theileagrafaíochta gan sreanga agus Comhoiriúnacht Leictreamhaighnéadach (EMC)[31] agus Treoracha um Fearas Raidió sa Stát agus iad a chur i bhfeidhm mar is gá.

Le linn na tréimhse choimeád ComReg siar agus rinne scrúdú ar 193 ghaireas tomhaltóra trí chúrsa a ghníomhaíochtaí faireacháin mhargaidh maidir le Treoracha um Chomhoiriúnacht Leictreamhaighnéadach agus Fearas Raidió (RE)[32] agus fuarthas go raibh timpeall 70% díobh siúd neamhchomhlíonta.[33]

Mar chuid dá ghníomhaíochtaí faireachais sa mhargadh baineann ComReg taitneamh as agus tá sé buíoch as caidreamh táirgiúil a bheith aige le hÚdaráis Chustam agus Máil chun a chinntiú nach n-iontrálann fearas leictreonach neamhchomhlíonta an Stát. Tá sé faighte amach go gcúisíonn fearais srianta den sórt sin trasnaíocht dochrach do réimse seirbhísí lena n-áirítear líonraí fón móibíleacha agus seirbhísí aerloingeoireachta.

Sa tréimhse ó Iúil 2016 go Meitheamh 2017 fuair ComReg 132 thuarascáil de thrasnaíocht dochrach do sheirbhísí raidió. Is méadú 5% é sin ar an tréimhse roimhe sin. Is tuairiscí iad beagnach a leath de ghearáin go léir a fhaightear maidir le trasnaíocht d'oibritheoirí líonra móibíleach. Is comhréir shuntasach den obair sa réimse seo freisin iad trasnaíocht a bhaineann le seirbhisí líne seasta agus fearais neamh-raidió; tá cásanna den sórt sin idirnasctha le gníomhaíochtaí faireachais mhargaidh faoin Treoir maidir le Comhoiriúnacht Leictreamhaighnéadach (EMC).

Tugtar tosaíocht do theagmhais trasnaíochta go léir a thuairiscítear do ComReg bunaithe ar dhéine agus éifeacht na trasnaíochta. Le linn na bliana atá thart sheachfhoinsigh ComReg cuid dá fhiosrúcháin trasnaíochta den tosaíocht níos ísle[34]. Cheadaigh é sin do ComReg lena chuid acmhainní teoranta díriú ar chúrsaí den tosaíocht is airde sé sin iad sin le leibhéil trasnaíochta agus éifeachta suntasaí agus i ngníomhaíochtaí forghníomhacha ar nós faireachas sa mhargaidh agus monatóireacht raidió.

## Clár Tomhais um Radaíocht Neamh-Ianúcháin (NIR)

Éilíonn ComReg mar choinníoll ceadúnas craolta gan sreanga nach mór d'oibritheoirí stáisiúin chraolta a chinntiú go gcomhlíonann a shuiteálacha le teorainneacha astúcháin Radaíocht Neamh-Ianúcháin (NIR) sonraithe sna treoirlínte is déanaí foilsithe ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta ar Chosaint Radaíochta Neamh-Ianúcháin (ICNIRP).

Comhlíonann ComReg iniúchta bliantúla ar chomhlíonadh oibritheoirí le coinníollacha ceadúnas lena n-áirítear teorainneacha astúchán an Choimisiúin Idirnáisiúnta ar Chosaint Radaíochta Neamh-Ianúcháin. Is éard atá i gceist le gach iniúchadh bliantúil ná suirbhé a dhéanamh ar líon samplach suíomhanna agus cineálacha craolta (leathanbhanda, teileafónaíocht mhóibíleach, craoladh gan sreanga srl.,) ar fud na tíre.

Rinneadh achoimre ar thorthaí suirbhéannna na suíomhanna go léir a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe seo agus foilsíodh iad i gceithre thuarascáil ráithiúla atá ar fáil ar **www.comreg.ie**.

31 Treoir Chomhoiriúnach Leictreamhaighnéadach 2014/30/AE mar atá trasuite go dlí na hÉireann ag I.R. Uimh. 69 de 2017 – Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Comhoiriúnacht Leictreamhaighnéadach) 2017.

32 Treoir Fearas Raidió 2014/53/AE mar atá trasuite go dlí na hÉireann ag I.R. Uimh. 248 de 2017 – Rialacháin Chomhphobail Eorpacha (Fearas Raidió) 2017.

33 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi dheara nach léiriú é seo ar an ráta neamhchomhlíonta táirgí ar an margadh, ach gur feidhm é den chur chuige spriocdhírithe d'fhaireachas sa mhargadh glactha ag an eagraíocht.

34 Tabhair faoi deara nach bhfuil athrú ar an nós imeachta chun gearán trasnaíochta a dhéanamh; ba chóir go dtuairiscítear teagmhais trasnaíochta go díreach do ComReg.

Cuireadh cóipeanna de na tuairiscí suirbhé símh aonair ar fáil ar shuíomh gréasáin ComReg agus freisin ar **www.siteviewer.ie**[35].

Tá áthas ar ComReg a thuairisciú go bhfuarthas go raibh tomhais astúcháin NIR thíos go suntasach faoi threoracha treoirlínte ICNIRP.

## Comhlíonadh Ceadúnais um Oibritheoir Líonra Móibíleach - Tastáil Tiomána

Le linn na tréimhse athbhreithnithe d'fhoilsigh ComReg dhá thuarascáil achomair dá thastálacha tiomána náisiúnta. Chomh maith leis sin tá na sonraí loma atá faoi bhun na dtastálacha tiomána curtha ar fáil le híoslódail ag ComReg don chéad uair ar a shuíomh gréasáin **www.comreg.ie**.

Tá córas na tastála tiomána deartha chun comhlíonadh leis na dualgais chlúdaigh leagtha síos i gCeadúnais Úsáide Léirscaoilte agus 3G. Clúdaíonn an bealach níos mó ná 5,000km ag tógáil isteach príomhbhóithre agus bóithre den dara grád go léir sa Stát: is é seo an sceideal is déine arna ghabháil de láimh ag aon Údarás Rialála Náisiúnta (NRA) san AE.

De réir na dtorthaí bhí oibritheoirí líonra móibíleach go léir i gcomhlíonadh lena gcoinníollacha ceadúnais.

35 Saoráid ar líne curtha ar fáil ag ComReg is ea site viewer ar a bhfuil an pobal in ann amharc ar mhionsonraí bunstáisiúin teileagrafaíochta móibíle GSM, 3G agus LTE ar fud na hÉireann.

# Uimhriú



## Bainistiú na nAcmhainní Uimhrithe Náisiúnta

Acmhainn náisiúnta is ea uimhreacha teileafóin atá riachtanach do sheirbhísí cumarsáide. Cinntíonn uimhreacha teileafóin ródú éifeachtach seirbhísí cumarsáide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tacaíonn le hoibriú ceart córais bhileála agus socraithe do na seirbhísí sin. Is féidir leo faisnéis a chur ar fáil don ghlaoiteoir ar an gcineál seirbhíse a glaodh, praghas an ghlao agus suíomh an pháirtí a glaodh. Tacaíonn siad freisin le seirbhísí forlíontacha ar nós Aithint Líne an Ghlaoiteora (CLI).

Mar sholáthróir bunúsach iomaíoch ar sheirbhísí cumarsáide tá sé riachtanach go mbíonn a dhóthain uimhreacha ar fáil do sheirbhísí reatha agus amach anseo araon. Tá sé ríthábhachtach go leanann ComReg ag bainistiú na hacmhainne uimhrithe náisiúnta i modh a chuireann iomaíocht chun cinn agus a thacaíonn le seirbhísí cumarsáide nuálacha ach freisin a chosnaíonn tomhaltóirí agus a chuireann iad ar an eolas.

Bainistíonn ComReg an acmhainn uimhrithe náisiúnta de réir Moltaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta agus faoi réir reachtaíochta Náisiúnta agus Eorpach ar leith. Áirítear i mbainistiú ComReg na hacmhainne náisiúnta ag cur síos coinníollacha (sé sin rialacha) ar úsáid na n-uimhreacha ag Oibritheoirí agus ag sainmhíniú cé atá inghlactha chun uimhreacha a choimeád. Tá na critéir inghlactha agus na coinníollacha deartha den chuid is mó chun tomhaltóirí a chosaint agus chun cothroime rochtana ar acmhainní uimhrithe a chur ar fáil d'oibritheoirí ar mhaithe le hiomaíocht a chur chun cinn. Tá na coinníollacha nuashonraithe mar is gá chun

forbairt táirgí/seirbhíse nua, athruithe reachtaíochta agus aon riachtanais eile a chur san áireamh. Bíonn uimhreacha ag teastáil freisin do mheaisíní a bhfuil riachtanach chun rochtaiin a fháil ar líonraí teileafóin phoiblí. Áirítear i bpríomhréimsí atá faoi bhuntáiste de bharr nascacht Meaisín go Meaisín (M2M) nó Idirlíon Rudaí (IoT) seirbhísí ríomhshláinte uathúla, meadrú chliste/greillí cliste, tithe cliste, cathracha cliste, tionscal/uathoibriú agus talamhaíocht. Tá sé tuartha ag Analysys Mason go mbeidh 719 milliún gluaisteán nasctha ar fud an domhain faoi 2025[36]. Riachtanas ar leith freisin is ea glaoch éigeandála uathúil ríomhGhlao i ngluaisteáin monaraithe nua le díol a thabhairt isteach san AE ó Aibreán 2018. Ní mór do ComReg éilimh a éascú d'uimhreacha nua ar aon dul lena chuspóirí reachtúla.

**Figiúr 19: Léarscáil Chód Ceantair**[37]




## Bearta Caomhnaithe Uimhreacha

Éilítear ar ComReg leis an Acht um Rialachán Cumarsáide 2002-2017 bearta réasúnacha go léir a chomhlíonadh chun úsád éifeachtúil agus bainistiú éifeachtach acmhainní náisiúnta Éireannacha a chinntiú. Ábhar imní i gcónaí do rialálaithe náisiúnta is ea ídiú uimhreach.
Is é an gnáthréiteach ar ídiú uimhreach ná athrú uimhreach a thabhairt isteach chun cumasaíocht a leathnú. Mar sin féin de bhrí go bhfuil uimhreacha leabaithe isteach sa mhéid sin córas agus gaireas thógfadh athrú uimhreach iliomad blianta agus d'fhéadfaí iad a bheith costasach agus suaiteach. Beidh caomhnú uimhreach rí-thábhachtach mar sin amach anseo.

Tá tábhacht bhunúsach le caomhnú a dhéanamh ar raonta uimhreach reatha ar mhaithe le plean uimhreach éifeachtaigh a bhainistiú. I 2015 d'fhostaigh ComReg comhairleoirí chun bearta a mholadh d'uimhreacha Móibíleacha agus Geografacha reatha a chaomhnú.[38] D'fhorbair na comhairleoirí dhá thuairisc[39] inar leagadh amach bearta éagsúla chun uimhreacha a chaomhnú agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu. Aithníodh sna tuairiscí neamhéifeachtúlachtaí i bpróisis agus córais ghnó oibritheoirí a mbíonn ídiú uimhreach suntasaí mar thoradh orthu. Tá bearta caomhnaithe mhóra uimhreach i bhfeidhm anois le tacaíocht iomlán ó thionscal telecom na hÉireann.

Leanfaidh ComReg le monatóireacht a dhéanamh ar úsáid uimhreach na n-oibritheoirí chun a chinntiú go mbíonn na bearta caomhnaithe curtha i bhfeidhm i gceart.

## Athbhreithniú ar Acmhainní um Uimhriú Móibíleach

Tá an rannóg M2M agus na seirbhísí teachtaireachta agus gutha Over-the-Top (OTT) ag fás go mear ar fud an domhain. Níl ach comhréir bheag de sheirbhísí OTT a mbeidh uimhreacha móibíleacha nua ag teastáil uathu de bhrí go ngiaráltar de ghnáth ar uimhir reatha an chustaiméara nó úsáideann siad seolachán dílsithe do ghlaonna ar an idirlíon.

36 Analysys Mason report: Connected Cars: Worldwide Trends and Forecasts 2013 to 2025
37 https://www.comreg.ie/industry/licensing/numbering/area-code-maps-2/
38 ComReg Document 16/20 www.comreg.ie/publications
39 ComReg Documents 16/20a and 16/20b www.comreg.ie/publications

Mar gheall ar an bhfás tuartha ar naisc M2M tá ComReg ag déanamh grinn-athbhreithnithe ar uimhriú do sheirbhísí M2M agus OTT móibíleach araon chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na seirbhísí seo ar an acmhainn uimhrithe in Éirinn.

Ciallaíonn nádúr domhanda an mhargaidh M2M gur dócha go n-úsáidfidh roinnt seirbhísí M2M acmhainní uimhrithe Éireanacha ar bhonn 'allchríche'. Breithneofar in athbhreithniú ComReg na saincheisteanna teicniúla, tráchtála agus rialála níos leithne a ardaíodh i dtimpeallacht ina n-úsáidfear acmhainní uimhrithe Éireannacha lasmuigh d'Éirinn.

Mar chuid dá athbhreithniú tá díospóireachtaí déanta ag ComReg le hoibritheoirí móibíleacha Éireannacha agus idirnáisiúnta chomh maith le sainsoláthróirí seirbhíse M2M. Déanfaidh beart tagarmharcála measúnú ar an taithí maidir le tabhairt faoi éilimh M2M i dtíortha eile. Táthar ag súil go mbeidh moladh san athbhreithniú faoin réiteach is fearr d'Éirinn agus na riachtanais chur chun feidhme aon réiteacha molta. Tá pleananna ag ComReg doiciméad comhairliúcháin a fhoilsiú ar an athbhreithniú seo roimh dheireadh 2017.

## Athbhreithniú ar Uimhreacha Neamhgheografacha

Tá ComReg ag déanamh athbhreithnithe faoi láthair ar fheidhmiú cúig chineál éagsúla d'Uimhreacha Neamhgheografacha (1800, 1850, 1890, 0818 agus 076) in Éirinn. Cé go soláthraíonn na hUimhreacha neamhgheografacha (NGN) seo ardán úsáideach chun éagsúlacht leathan seirbhísí a sholáthar, tá ábhair imní ag ComReg faoia n-úsáid. Is é cuspóir an athbhreithnithe faisnéis a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi ionas go mbeidh ComReg in ann breithniú a dhéanamh ar cibé arb' fhéidir bunús a thabhairt lena chuid ábhar imní nó nach féidir. Tógann an t-athbhreithniú an riachtanas san áireamh go n-úsáidtear na huimhreacha seo i modh a chuireann iomaíocht chun cinn agus a chosnaíonn tomhaltóirí.

Tosóidh ComReg comhairliúchán poiblí iomlán ar Uimhreach Neamhgheografacha (NGNanna) go luath. Leagfaidh an comhairliúchán réamhroghanna amach chun feidhmiú an ardáin Uimhreacha Geoghrafacha a fheabhsú in Éirinn. Pléifidh ComReg ionchuir go léir leis an gcomhairliúchán sula ndéanann siad cinneadh faoin gcéad chéim eile.

## Fóram Uimhrithe

Cuireann Fóram Uimhrithe ComReg ardán ar fáil chun saincheisteanna tráchtála, oibriúcháin, rialála agus teicniúla a bhaineann le huimhriú a phlé. Tá ionadaithe den tionscal cumarsáide leictreonaí agus ComReg ann.

Ag leibhéal oibriúcháin oibríonn ComReg go díreach leis na hoibritheoirí aonair chun a chinntiú go n-osclaítear suas uimhreacha nua go tapa ar líonraí agus chun saincheisteanna mar mhídhiailiú a réiteach.

## Comhordú Idirnáisiúnta

Rianaíonn agus glacann ComReg páirt i ngrúpaí oibre Eorpacha agus idirnáisiúnta ar shaincheisteanna uimhrithe. Tá sé sin tábhachtach mar is féidir le hathruithe ar thírdhreach na hEorpa agus/nó go hidirnáisiúnta impleachtaí a bheith acu ar acmhainní uimhrithe náisiúnta agus oibriúcháin líonra in Éirinn. Éilítear ar ComReg freisin a cinntiú go gcuirtear reachtaíocht AE ábhartha ar chomhchuibiú uimhrithe i bhfeidhm.

Ag leibhéal oibriúcháin oibríonn ComReg lena chomhghleacaithe in údaráis rialála náisiúnta eile agus leis an Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide chun a chinntiú go dtagann uimhreacha teileafóin nua Éireannacha agus coigríche i bhfeidhm go pras ar líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta go léir.

# Rialú Poist



Is iad feidhmeanna reachtúla ComReg ná a chinntiú go bhfuil seirbhís poist uilíoch ar fáil a chomhlíonann le riachtanais úsáideoirí na seirbhíse poist agus chun monatóireacht a dhéanamh agus a chinntiú go gcomhlíonann soláthróirí seirbhíse leis na dualgais atá orthu.

Is iad cuspóirí reachtúla ComReg ná:

- Forbairt na rannóige poist a chur chun cinn agus go háirithe seirbhís poist uilíoch a bheith ar fáil laistigh de agus ón Stát ar chostas inacmhainne chun tairbhe úsáideoirí go léir;
- Leasanna úsáideoirí na seirbhíse poist a éascú;
- forbairt iomaíocht agus nualaíocht sa mhargadh le haghaidh soláthar seirbhsie poist a éascú.

Tá an Post sainithe ag an Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 mar an Soláthróir Seirbhíse Poist Uilíche (USP) go dtí 2023 leis an rogha do ComReg féachaint le hathbhreithniú a dhéanamh i 2018. Áirítear i bhfeidhmeanna ar leith ComReg monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an tSoláthraí Seirbhíse Uilíche le treoracha arna n-eisiúint ag ComReg.

Le linn na tréimhse athbhreithnithe thug ComReg faoi na réimsí seo a leanas:

## Dualgas cuntasaíochta um an tseirbhís poist uilíoch

Rinne ComReg treoir don Soláthraí Poist Uilíoch (USP) de bhun alt 31 den Acht 2011 (Treoir Chuntasaíochta 2017). Tá Treoir um Chuntasaíocht 2017 curtha in ionad Treoir um Chuntasaíocht 2006 arna bunú faoin gcreat reachtaíochta níos sine. Den chuid is mó leantar leis na riachtanais reatha faoin Treoir um Chuntasaíocht 2006 faoi Threoir um Chuntasaíocht 2017. Níl móran riachtanais nua i gceist, iad mion-éfeachtach agus i gcomhréir lena gcuspóir.

Is é cuspóir Treoir um Chuntasaíocht 2017 dualgais chuntasaíochta Soláthraí Seirbhíse Uilíoch a leagan amach maidir leis an tseirbhís poist uilíoch agus trédhearcacht ar chostáil agus brabúsacht na seirbhíse poist uilíoch leagtha amach sna Cuntais Rialála a chinntiú. Cuireann sé seo an faisnéis atá riachtanach do ComReg ar fáil chun a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Cuireann na dualgais chuntasaíochta ar cumas ComReg monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na seirbhíse poist uilíoch le dualgais éagsúla eile lena n-áirítear na riachtanais dleachtanna taraife agus críochchostais.

## Cáilíocht Seirbhíse

Is príomhchuspóir d'eacnamaíocht iomaíoch mar Éirinn seirbhís poist ardcháilíochta, éifeachtúil a bheith ar fáil. Is é ceann de na cuspóirí bunúsacha de Threoracha Poist na hEorpa ná feabhsúcháin a dheimhniú i gcáilíochtaí seirbhíse don tseirbhís poist uilíoch agus tá sé de dhualgas ar ComReg de réir dlí sprioc cáilíocht seirbhíse do sholáthraí seirbhíse uilíoch a leagan síos maidir le seirbhís poist uilíoch a sholáthar.

Threoraigh ComReg don Soláthraí Seirbhíse Poist caighdeán seachadta 94% an lá arna mhárach a bhaint amach do phost tosaíochta um phíosa aonair arna seachadadh laistigh den Stát. Déanann ComReg monatóireacht ar fheidhmíocht An Phoist i gcoinne an chaighdeáin 94% de réir Comité Européen de Normalisation/An Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus caighdeáin tomhais idirnáisiúnta agus foilsíonn ComReg tuarascálacha feidhmíochta bhliantúla ar a shuíomh gréasáin. Thug ComReg isteach monatóireacht neamhspleách ar dtús ar cháilíocht na seirbhíse poist uilíoch i 2003 agus ag an am sin ní raibh ach 71% de phost tosaíochta um phíosa aonair á sheachadadh ar an gcéad lá oibre tar éis é a chur sa phost. Sna blianta idir eatarthu tá feabhas 20% tagtha ar sheachadadh an lá arna mhárach, ráta feabhais 28% ó tugadh isteach monatóireacht rialála.

Áiríodh sa tuarascáil feidhmíochta don bhliain féilire 2016 na príomhthorthaí seo a leanas:

- Sheachaid An Post 91% de phost tosaíochta um phíosa aonair ar an gcéad lá oibre tar és é a chur sa phost an toradh céanna leis sin do 2015 agus 3% níos lú ná an caighdeán 94%.
- Sheachaid An Post 99.1% de phost tosaíochta um phíosa aonair laistigh de thrí lá oibre tar éis é a chur sa phost an toradh céanna le 2015 freisin agus gan é ach beagáinín faoi bhun an chaighdeáin 99.5% ag léiriú gur féidir le líonra an phoist formhór na bpost tosaíochta um phíosa aonair a sheachadadh laistigh de thrí lá oibre.
- Sa tréimhse 11 mhí ó Eanáir go Samhain 2016 sheachaid An Post 92% de phost tosaíochta um phíosa aonair ar an lá oibre dar gcionn cé gur thit feidhmíocht don lá dar gcionn go 77% i mí na Nollag 2016 - meathlú suntasach agus
- sheachaid An Post 88% de "pacáistí poist" (an réimse fáis reatha i seirbhísí poist) ar an lá oibre dar gcionn sé sin 6% faoi bhun an chaighdeáin 94%.

## Úsáideoir seirbhíse poist neamhspleách faoi nósanna imeachta um réiteach díospóidí

Tugann Alt 43(3) den Acht 2011 do ComReg nó do dhuine ceaptha ag ComReg cumhacht lánroghnach chun díospóidí úsáideoirí na seirbhíse poist a réiteach a bhíonn gan réiteach tar éis críochnú cuí nósanna imeachta go léir maidir le cód cleachtais sholáthraí seirbhíse poist. Le linn na bliana rinne ComReg roinnt réiteacha díospóidí.

## Aisghairm an Stáit ar rialú caidhp praghais na seirbhíse poist uilíoch

Thug Alt 30 den Acht 2011 cumhacht do ComReg teorainn a chur leis an méid arbh fhéidir le An Post praghasanna dá sheirbhísí poist a mhéadú i mbliain ar leiith. Bhunaigh ComReg "caidhp praghais" den sórt sin i Meitheamh 2014 agus bhí sé le bheith éifeachtach ar feadh cúig bliana go dtí Meitheamh 2019. Cinntíodh leis seo i measc rudaí eile gur fhan praghasanna seirbhísí poist uilíoch inacmhainne trí mhéaduithe measartha a cheadú rud a thug spreagadh do An Post a bheith níos éifeachtúla ó thaobh costas de ag cur san áireamh go raibh toirt phoist An Post le laghdú de réir mar a bhí tuartha. Laghdaigh an chaidhp praghais caillteanais An Phoist go mór maidir le soláthar na seirbhísí poist uilíocha faoi réir caidhpe praghais.

D'aisghair an tAcht um Rialachán Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2017 alt 30 den Acht 2011 agus caidhp praghais cúig bliana ComReg.
Tá praghasanna seirbhísí poist uilíocha leagtha síos anois ag An Post. Ag leanúint ar aisghairm na caidhpe praghais mhéadaigh An Post praghasanna ar a sheirbhísí poist le meádú 39% ar phraghas litreach náisiúnta faoi stampa.

# Rannóg Seirbhísí Corpráideacha



## Rialachas

### Is é cuspóir an Choimisiúin comhlíonadh a chinntiú i gcónaí le dea-chleachtas i Rialachas Corparáideach.

Thosaigh an tréimhse airgeadais ar an 1 Iúil 2016 sé sin roimh dháta éifeachtach 1 Meán Fómhair 2016 don Chód Cleachtais nua 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Mar sin táimid ag leanúint le leagan 2009 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit maidir le Ráitis Airgeadais 2017 a chur i bhfeidhm.

Is é beartas ComReg comhlíonadh leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tá tuairiscithe aige maidir lena chomhlíonadh le haltanna ábhartha den Chód ina thuarascáil bhliaintiúil nó ar leithligh tri litir a chur chuig an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Tá clár iniúchta chuimsithigh in ionad ag ComReg á mhaoirsiú ag a Choiste Iniúchta a raibh cúig chruinniú acu le linn na bliana. Ba iad baill sheachtracha an choiste ar an 30 Meitheamh ná: Aisling Kennedy[40], Martin Higgins agus Patricia Byron. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú. Tá iontaobhaí neamhspleách den scéim pinsin in situ, de réir an dea-chleachtais tionscail is fearr.

Mar chomhlacht phoiblí ag oibriú i dtimpeallacht achrannach dúshlán leanúnach is ea breisluach a chinntiú i gcónaí fad is ag obair laistigh de shrianta acmhainne. Déanfaimid atbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta i gcónaí maidir le caiteachas, soláthar agus bainistiú riosca. Tá ComReg freagrach don Oireachtas trí Choistí Oireachtais (féach ar Chumarsáid agus Rannpháirtíocht).

Is é aidhm feidhmiú leanúnach an phlean soláthair ná luach ar airgead a bhaint amach, cáilíocht seirbhíse a chur ar fáil don phobal agus soláthar a shocrú ar tslí chomhlíonta.

40 Tá Marie Collins tagtha in ionad Aisling Kennedy ó shin

Le linn na bliana reatha tá córas tairiscintí iomaíocha socraithe againn maidir le trealamh agus seirbhísí seachfhoinsithe.

Tá Treoracha Eorpacha maidir le Soláthar comhlíonta againn maidir le conarthaí níos mó lena n-áirítear tairiscit a fhoilsiú maidir le painéil Ilsoláthraí do sheirbhísí Abhcóide agus Seirbhísí Gairmiúla um Rialachas Rialála. Tá Comhaontais Chreat Soláthair Oifig an Rialtais arna n-úsáid againn más gá.

Tá sé mar aidhm againnn sonraisc bhailí go léir a íoc laistigh de 15 lá agus foilsímid ar ár suíomh gréasáin líon agus luach na n-íocaíochtaí a dhéantar go ráithiúil. Leanaimid le feabhas a chur le hamanna ciogail um phróiseail oibre le cabhair chomhoibrithe foirne go léir agus an tionscnamh teicneolaíochta nua arna bhforbairt go hinmheánach chun feabhas a chur le próiseáil. Sa bhliain go 30 Meitheamh 2017 rinneadh 82% d'íocaíochtaí laistigh den tréimhse riachtanach.

Éilítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 go bhfoilseodh comhlachtaí Saoráil Faisnéise mar ComReg loga nochta ina bhfuil mionsonraí ar na cineálacha iarratas faighte faoi Shaoráil Faisnéise ó Eanáir 2015 agus na cinntí déanta ag an gcomhlacht mar fheagairt ar na hiarratais sin. Foilsímid an faisnéis sin ar ár suíomh gréasáin. Fuair ComReg 8 n-iarratas um Shaoráil Faisnéise ó Iúil go Nollaig 2016 agus 22 iarratas um Shaoráil Faisnéise ó Eanáir go Meitheamh 2017. Bhí iarratas amháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (AIE) againn agus i Márta 2017 ní raibh aon iarratas foirimiúil againn maidir le Cosaint Sonraí ná aon iarratas ar Nochtuithe Cosanta.

## Acmhainní Daonna

Leanaimid ag aithint go bhfuil ár ndaoine ríthábhachtach dár gcumas clár oibre Comreg atá ag éirí níos casta a sheachadadh. Mar sin cuirfimid béim mhór ar chroíréimsí Earcaíochta, Forbartha, Rannpháirtíochta agus Folláine. Creidimid go mbíonn seirbhís níos fearr do thomhaltóirí agus páirtithe leasmhara ann nuair a fhorbraítear cultúr a mheallann daoine tréitheacha ó chúlraí éagsúla.

Is dúshlan leanúnach fós é foinsiú. Bíonn taithí againn ar spíceáil i laghdú le linn na bliana de bharr iomaíocht mhéadaithe i gcomparáid le heintitis ó rannóga príobháideacha agus poiblí eile. De bhrí go mbíonn sainscileanna ag teastáil ó chuid mhór dár róil - Innealtóirí, Eacnamaithe, Cuntasóirí, Dlíodóirí agus Anailísithe - d'fhéadfaí é a bheith dúbhlánach a chinntiú go líonaimid ár bhfolúntais leis an scil agus an talann atá ag teastáil. Le linn 2017 d'fhorbraíomar agus sheolamar Creat Inniúlachta saincheaptha. Aithnítear leis sin ár gcroíscileanna agus iompraíochtaí agus tugtar fócas athnuaite dár luachanna, Éifeachtúlacht, Barr feabhais, Trédhearcacht agus Macántacht. Táimid ag úsáid an chreata seo mar chuid den phróiseas earcaíochta chun soiléireacht bhreise a thabhairt maidir le riachtanais agus an chaoi a ndéanfar iarrthóirí a thastáil agus a thomhas.

Is cuid tábhachtach é cáilíocht, scil agtus tiomantas ár ndaoine do chumas na heagraíochta ár gcuspóirí rialála a bhaint amach agus ár ról in iomaíocht a chur chun cinn, ag cosaint custaiméirí agus ag spreagadh nualaíochta. In iarracht talann a choimeád agus a mhealladh infheistímid chun daoine a chumasú a scileanna teicniúla agus gairmiúla a fhorbairt trí chláir inmheánacha agus oideachas foirmiúil. Bunaithe ar anailís ar ár riachtanais oiliúna thugamar isteach féilire de chláir eagraíochtúla inar airíodh forbairt bainistíochta, cláir theicniúla agus gairmiúla agus seisiúin ag am lóin deartha chun comhoibriú a spreagadh agus faisnéis a roinnt. Leanaimid ag déanamh urraíochta ar oideachas agus tá torthaí barr feabhais bainte amach ag ar bhfoireann ag cur lena gcuid eolais agus inniúlachta. Breisíodh ár gclár meantóireachta a thuilleadh le linn 2017 agus leanann sé le deiseanna a chur ar fáil chun léargais, saineolas agus eolas ag leibhéil go léir ar fud na heagraíochta a roinnt.

Táimid tiomanta áit oibre comhlíontaí agus forásaí a sholáthar a bhreiseofar leis an timpeallacht oibre nua inár Lárionad Cheantar na nDugaí inar athlonnaíodh oifigí ComReg i Meitheamh 2017. Éascaíonn an phlean oscailte le faisnéis a roinnt agus le comhoibriú.

Leanaimid ag obair ó na boinn atá againn - ag nuashonrú ár mbeartas agus dea-chleachtas de réir ár luachanna agus na reachtaíochta.
Táimid tiomanta a chinntiú go bhforbraíonn éagsúlacht, go bpléitear le comhghleacaithe go léir go cothrom agus le meas agus go bhfuil siad feasach ar an gcineál iompraíochta atá inghlactha agus an cineál iompraíochta nach bhfuil inghlactha. Is é an cuspóir atá ag ár gclár oibre folláine gníomhaí ná béim a chur ar thábhacht aire a thabhairt do shláinte choirp agus aigne. Déanaimid é sin trí rochtain ar shaineolaithe a éascú agus trid an smaointeoireacht is déanaí ar fholláine iomlánaíoch.

Rolladh amach córas nua AD i 2017 a mhéadaigh éifeachtúlacht mar ní rabhamar ag brath ar phróisis láimhe as sin amach. Táimid ag úsáid an chórais chun críocha Foghlama agus Forbartha agus oibríochtúla agus táthar ag súil é sin a leathnú thar an gcéad 12 mhí le teacht trí éifeachtúlachtaí breise a chruthú i réimsí bainistiú meadrachta agus feidhmíochta.

Tá a bhfuil bainte amach ag ComReg forbartha ar cháilíocht, tiomantas agus caighdeáin ghairmiúla na ndaoine atá ag obair anseo. Tá súil againn leanúint ar aghaidh ag forbairt air seo trí thionscnaimh nua agus athnuaite a thabhairt isteach amach anseo.

## Barr feabhas oibríochtúil

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú lean ComReg ag iarraidh a bheith go héifeachtach agus go fuinniúil mar rialtóir ag úsáid na n-acmhainní riachtanacha chun freagairt do thimpeallacht atá ag athrú i gcónaí. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú d'eisíomar 194 fhoilsiúchán. Déanaimid Measúnaithe Éifeachta Rialála freisin más cuí chun a chinntiú go seachnaímid ualacha rialála iomarcacha.

Aithníonn ComReg an tábhacht a bheith suas chun dáta ina chuid taighde ar mhargaidh agus iompraíocht tomhaltóra. Oibríonn ComReg go háirithe leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta (ESRI) ar roinnt tionscadal taighde ar nós an taighde Price Lab a scrúdaigh freagairtí tomhaltóra as soláthróirí a lascadh agus an ról a bhíonn ag faisnéis sna cinntí a dhéanann custaiméirí. Creideann ComReg go ndoimhnítear ár dtuiscint ar na margaidh a rialaímid tri úsáid a bhaint as sonraí den sórt sin.

Le linn na treímhse d'oibrigh ComReg freisin ar thionscnaimh ríthábhachtacha eile.

- Nuashonraigh ComReg a fheidhm um Pleanáil Leanúnachais Ghnó.
- Chuir ComReg feabhas freisin lena fheidhmiúlacht um thuairisciú airgeadais.
- Lean ComReg le córas bainistithe tionscadail a chur i bhfeidhm do lucht foirne go léir.
- Plean Gníomhaíochta agus Cairt Chustaiméara ComReg
- Scéim Teanga na Gaeilge ComReg

Tá ComReg feasach ar a chuid freagrachtaí maidir le saincheisteanna inbhuanaithe. Tá líon tionscnamh ghlasa in ionad lena n-áirítear úsáid iompar poiblí a chur chun cinn ag lucht foirne faoin scéim um spáráil cánach, rochtain foirne ar an scéim um rothaíocht chun na hoibre, úsáid bhoscaí athchúrsála agus bearta éifeachtúla lena n-áirítear soilse brathlasta in oifigí agus láithreacha eile agus amadóirí ar théitheoirí uisce. Leanfaidh ComReg ag cur bearta riachtanacha in ionad nuair is féidir chun ár lorg carbóin a laghdú.

Éilítear ar ComReg a chinntiú go gcomhlíonaimid le haltanna 25, 26, 27 agus 28 den Act um Mhíchumas 2005.

- Déanaimid deimhin de go bhfuil na ceantair phoiblí dár bhfoirneamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.
- Déanaimid deimhin de go bhfuil ár seirbhísí poiblí príomhshrutha inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.
- Tá oifigeach rochtana ceaptha againn agus is féidir teagmháil a dhéanamh leo ar **access@comreg.ie**
- Déanaimid deimhin de go mbíonn na seirbhísí agus na hearraí a cheannaímid inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.
- Déanaimid deimhin de go mbíonn an faisnéis a thugaimid curtha ar fáil i bhformáid inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

## Teicneolaíocht Faisnéise

Ar aon dul le beartas ríomhsheirbhísí an Rialtais reatha leanann ComReg ag breisiú a chuid seirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú bhí athbhreithniú suntasach ar infreastruchtúr TF CommReg a tháinig go díreach i ndiaidh aistriú na heagraíochta go foirgneamh nua. Lean ComReg le feabhsú a chórais bhainistíochta tomhaltóra straitéisigh maidir le fiosrúcháin tomhaltóra agus gearáin á láimhseáil ag ComReg a phróiseáil. Áirítear sna gnéithe sin gabháil sonraí níos éifeachtúla agus cumasaíocht tuairiscithe bhreisithe. Lean ComReg freisin lena láithreacht dhigiteach a fhorbairt go príomhúil ag díriú ar an **www.comreg.ie** cónasctha agus na feidhmchláir a óstálann sé.

Leanann ComReg ag infheistiú ina chórais oibríochtúla chun éifeachtúlacht a bhaint amach i luas feidhmchláir a phróiseáil m.sh. Ceadúnú Raidió, Saincheisteanna Tomhaltóra agus Údaruithe srl., agus úsáid níos éifeachtúla a dhéanamh d’acmhainní foirne trí thascanna oibríochtúla a chórasú más féidir.

**Figiúr 20: www.comreg.ie Leathanach Baile**




## Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Is é ceann d’aidhmeanna ComReg ná idirghníomhú go réamhghníomhach lena pháirtithe leasmhara. Tá réimse leathan páirtithe leasmhara ag Comreg ó thomhaltóirí aonair agus grúpaí ionadaithe nua go hoibritheoirí údaraithe, grúpaí ionadaithe tionscail chomh maith le comhlachtaí agus ranna rialtais idirnáisiúnta agus náisiúnta ina measc. Tuigimid go bhfuil an-tairbhe go deo ag baint le rannpháirtíocht oscailte agus macánta le paírtithe leasmhara go léir.

Ag cur san áireamh an méid páirtithe leasmhara atá againn, déanann ComReg a chumarsáid agus a rannpháirtíocht a chomhoiriúnú do ghrúpaí leasmhara éagsúla.

Úsáideann ComReg comhairliúcháin fhoirmiúla a thugann deis do pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt agus tuairimí a chur in iúl maidir le bearta rialála agus cinntí rialála mholta a fhorbairt. Úsaideann ComReg painéil Chomhairliúcháin chun léargais a fháil ar shaincheisteanna tomhaltóra lena n-airítear saincheisteanna do thomhaltóirí le riachtanais inrochtaine. Óstálaimid freisin fóraim do pháirtithe leasmhara tionscail chun forbairt táiirgí mórdhíola rialaithe nua agus athruithe do tháirgí reatha a éascú. Cuireann na fóraim seo deis ar fáil freisin don tionscal, cumarsáid a dhéanamh linne ar shaincheisteanna reatha. Tagann ComReg os comhair Coistí an Oireachtais freisin nuair a iarrtar. Bhíomar os comhair Chomhchoiste an Oireachtais ar Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeraide agus Comhshaol in Eanáir 2017 chun cúrsaí poist a phlé agus arís i mBealtaine 2017 chun ár Straitéis do 2017 - 2019 agus fánaíocht a phlé.

# Gnóthaí Idirnáisiúnta



## Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC).

Ball gníomhach de Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach is ea ComReg. Roimh dheireadh gach bliana agus tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara glacann Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach leis an gClár Oibre Bliantúla don bhliain ina dhiaidh sin.

Tá gnéithe aonair den Chlár Oibre dáilte ar naoi sainGhrúpa Oibre (EWGanna) a bhfuil ionadaithe ó údaráis rialála náisiúnta (NRAanna) mar fhoireann acu, cosúil le ComReg, ó thrasna an 28 mballstát den Aontas Eorpach agus na gceithre bhall de Chumann Saortrádála na hEorpa (EFTA) (an Íoslainn, Leictenstein, an Iorua, an tSualainn). Riachtanas den chreat rialála is ea rannpháirtíocht i gClár Oibre Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus is tiomantas suntasach é do na hÚdaráis Rialála Náisiúnta (NRAanna). Glacann ComReg páirt go díreach i roinnt sainghrúpa oibre (EWGanna) é ina chomhchathaoir thagarmharcála ar an tsainghrúpa oibre (EWG) faoi láthair agus baint ghníomhach aige le haschuir BEREC. Chomh maith lena Chlár Oibre Bliantúla áirítear in obair BEREC tuairimí agus comhairle theicniúil a thabhairt d'institiúidí reachtáiocha na hEorpa (Coimisiún na hEorpa, an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa).

Ina theannta sin leanann BEREC ag comhoibriú le comhlachtaí comhairleacha eile ar nós an Ghrúpa Bheartais um Speictream Raidió (RSPG)[41] agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Líonra agus Slandáil Faisnéise (ENISA)[42] sa chás go gcuireann an comhoibriú le leasa na saoránach agus le hiomaíocht a chur chun cinn.

41 Grúpa Beartais um Speictream Raidió; http://rspg-spectrum.eu/
42 Gníomhaireacht um Shlandáil Faisnéise agus Líonra na hEorpa; http://www.enisa.europa.eu/

### Cruinnithe Iomlánacha BEREC

De réir Rialacháin BEREC tagann Bord na Rialtóirí le chéile ceithre huaire sa bhliain inar glacadh le roinnt príomhdhoiciméad agus inar faomhaíodh iad le foilsiú lena n-áiritear:

- Comhairliúchán poiblí ar Straitéis BEREC 2018-2020.
- Clár Oibre BEREC do 2017 (Eanáir go Nollaig)
- Freagairt BEREC ar an gcomhairliúchán poiblí ó Choimisiún na hEorpa ar nuashonrú na "Treoirlínte SMP".
- Treoirlínte ar chur chun feidhme Rialacha um Neodrachta Líonra na hEorpa ag Rialálaithe Náisiúnta a bhí riachtanach de réir dlí faoin Rialachán um Neodracht Líonra" (Rialachán (AE) 2015/2120) a leagann síos bearta maidir le rochtain idirlín oscailte)
- Treoirlínte BEREC athleasaithe chun na Rialacháin Fanaíochta AE a mhíniú (Rialachán (AE) Uimh. 531/2012) lena n-áirítear an Rialachán Um Chur Chun Feidhme ag an gCoimisiúin (CIR) a leag síos rialacha mionsonraithe ar "úsáid chothrom beartais" (FUP) do chustaiméirí fánaíochta.

## Comhsheasmhacht i Rialú trasna na hEorpa

Chun níos mó comhsheasmhachta a bhaint amach i bpróiseas rialála tá cumhachtaí maoirsithe ag Coimisiún na hEorpa maidir le bearta a d'fhéadfadh na hÚdaráis Rialála Náisiúnta a thógáil maidir le staid iomaíochta na margaí ag leibhéal náisiúnta (dá dtagraítear mar "Cásanna Airteagal 7" de réir forálacha Airteagal 7 agus 7a den Treoir Chreata (Treoir 2002/21/AE arna leasú). Nuair a chuireann an Coimisiún amhrasacha tromchúiseacha in iúl maidir le hanailís Údarás Rialála Náisiúnta an mhargaidh agus réiteacha chun tabhairt faoi theipeanna iomaíocha, osclaítear ar a dtugtar "Fiosrúchán Céim II" agus ní mór sainiarracht a dhéanamh Tuairimí BEREC a chur san áireamh sula gcuirtear a chuid chumhachtaí i bhfeidhm. I gcásanna den sórt sin tá nós imeachta ag BEREC chun ad hoc EWG a bhunú atá freagrach as tuairim a dhéachtú.

Ó Bhealtaine 2011 ní fhéadfaidh cumhachtaí an Choimisiúin a fheidhmiú ach amháin tar éis sainchuntas a thógáil de Thuairimí BEREC.
Tá ball ComReg ar thrí EWGanna ad hoc a dhréachtaigh tuairimí arna nglacadh ag an mBord Rialtóirí mar seo a leanas:

- I Meitheamh/Iúil 2016 bhí cathaoirleacht an EWG ag ComReg (cás IT/2016/1885) a rinne breithniú ar amhrasacha tromchúiseacha Choimisiún an AE a bhain le réiteach díospóide maidir le críochnú guthghlao ar líonraí móibíleacha aonair san Iodáil.
- I bhFeabhra/Márta 2017 bhí ball de ComReg san EWG (cás NL/2017/1960) a bhreithnigh amhrasacha tromchúiseacha Choimisiún an AE a bhain le rochtain mhór ardcháilíochta curtha ar fáil ag suíomh seasta san Ísiltír.
- I bhFeabhra/Márta 2017 bhí ball de ComReg san EWG (cás DE/2017/1961) a bhreithnigh amhrasacha tromchúiseacha Choimisiún an AE a bhain leis an margadh um mhórchríochnú glao i líonraí teileafóin phoiblí aonair curtha ar fáil ag suíomh seasta sa Ghearmáin.

Tá tuairimí go léir BEREC arna nglacadh ag an mBord Rialtóirí foilsithe ar shuíomh gréasáin BEREC.

## Straitéis Mhargadh Aonair Digiteach Choimisiún na hÉorpa

I mBealtaine 2015 d'fhoilsigh Coimisiún an AE a straitéis do Mhargadh Aonair Digiteach (DSM) atá mar aidmh ginearálta aige bacainní a bhaint chun deiseanna ar líne a oscailt suas ionas go mbeidh margadh aonair an AE oiriúnach don aois digiteach. San áireamh sa ráiteas straitéise bhí an rún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála um chumarsáid leictreonach (an Creat) agus i Meán Fómhair 2016 d'fhoilsigh Coimisiún na hÉorpa dréachtchreat, an Cód Cumarsáide Leictreonaí Eorpaí ("Cód") agus Rialachán leasaithe BEREC a mbeadh athruithe suntasacha ar struchtúr BEREC agus an chaoi a n-oibríonn sé mar thoradh orthu. Tá moltaí an Choimisiúin scrúdaithe go cúramach ag ComReg agus baint dhíreach aige freisin san anailís a rinne BEREC ar na moltaí sin.

I mí na Nollag 2016 d'fhoilsigh BEREC tuairim ardleibhéil ag cur a mheasúnú tosaigh ar fáil ar mholtaí an Choimisiúin sa Chód agus sa dréacht-Rialachán BEREC.
Áiríodh sa tuairim ardleibhéil seo measúnú tosaigh ar roinnt príomhthopaicí (scóp an rialacháin, sainmhíniú forálacha úsáideoirí deiridh ECS, rialachán rochtana agus saincheisteanna rialála). Dhírigh BEREC ina dhiaidh sin ar anailís níos cuimsithí a dhéanamh ar na moltaí chun cion tairbhe teicniúil a chur ar fáil don phróiseas reachtaíochta sé sin bhí sé ar inrinn ag BEREC comhreachtóirí (Coimisiún na hEorpa, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle) a sholáthar le saineolas teicniúil ábhartha agus moltaí nithiúla le haghaidh leasuithe ar mholtaí tosaigh an Choimisiúin, trí shraith doiciméad ghearra, theicniúla ar réimse topaicí lena n-áirítear:

- olagaplachtaí neamhiomaíochta
- céim siar éigeantach rialacháin
- anailís mhargaidh
- rialachán siméadrach
- comhinfheistíocht
- gnóthais atá ar leithligh go hingearach
- meicníocht chrosta glasdúbailte
- fad na gcearta speictrim
- ag cur achtanna ar speictream i bhfeidhm
- iarratais faisnéise (go háirithe (OTTanna)
- an próiseas fógraithe d'Údaruithe Ginearálta agus muirir riaracháin agus
- dréacht-thuarascáil ar an Rialachán BEREC mholta

tá na doiciméid seo go léir foilsithe ar shuíomh gréasáin[43]

## An Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG)

Is rannpháirtí gníomhach é RomReg den Ghrúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG) a bunaíodh i 1997 ag grúpa Údarás Rialála Náisiúnta (NRAanna) Eorpacha chun cabhrú le taithí agus tuairimí a roinnt i measc a mball ar shaincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le rialachán agus forbairt an mhargaidh teileachumarsáide Eorpaí. Oibríonn an Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG) i gcomhoibriú le BEREC (Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach) agus is baill nó brathnóirí de BEREC baill go léir den ghrúpa rialtóirí neamhspleácha (IRG).

## Coiste Cumarsáide (CoCom)

Bunaíodh an Coiste Cumarsáide (CoCom) in 2002 faoin Treoir Chreata mar choiste comhairliúcháin do Choimisiún na hEorpa. Is éard atá sa Choiste Cumarsáide (CoCom) ná ionadaithe Bhallstát agus is é a phríomhról ná tuairimí a chur ar fáil ar dhréachtbhearta atá ar intinn ag an gCoimisiún a ghlacadh. Chomh maith le hionadaithe ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Comhshaoil bíonn ComReg rannpháirteach mar chuid de thoscaireacht na hÉireann agus i 2016 chomhairligh ComReg an Coimisiún ar an rialachán (Rialachán Chur Chun Feidhme ag an Choimisiuin (AE) 2016/2286) inar leagadh amach rialacha mionsonraithe ar an gcaoi ar chóir bearta um úsáid chothrom maidir le fánaíocht a chur i bhfeidhm.

43 http://berec.europa.eu/eng/document_register/subject_matter/berec/press_releases/7090-updated-press-release-on-berec-papers-on-the-review

# RÁITIS AIRGEADAIS



## TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEITHEAMH 2017**

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide (an Coimisiún) a chur isteach don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017.

### Príomhghníomhaíochtaí

Cuireadh an Coimisiún ar bun an 1 Nollaig 2002. Tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha amach san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus san Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007. Baineann na feidhmeanna sin leis an tionscal cumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur raidió agus craolacháin) a rialáil agus a cheadúnú agus le seirbhísí poist, seirbhísí ardráta agus an t-ainm fearainn .ie a rialáil. Is ó ioncam a fhaightear ón tionscal cumarsáide leictreonaí, ón tionscal seirbhísí poist agus ón tionscal seirbhísí ardráta a chistítear go hiomlán an Coimisiún.

### Ioncam

Gearrtar tobhaigh ar sholáthraithe áirithe cumarsáide leictreonaí, seirbhísí poist agus seirbhísí ardráta agus úsáidtear an t-ioncam uathu chun costas na rialála a chistiú.

Tá an Coimisiún freagrach as an speictream raidió a bhainistiú freisin agus déanann sé líon mór ceadúnas Radaiteileagrafaíochta a eisiúint agus a athnuachan do raon éagsúil oibreoirí, comhlachtaí poiblí, cuideachtaí príobháideacha agus daoine aonair. Is leis na ceadúnais sin a ghintear an chuid is mó d'ioncam an Choimisiúin. Gabhann le ceadúnais áirithe freisin an ceanglas chun íoc as an gceart chun speictream raidió a úsáid.

### Torthaí Airgeadais

Tá sonraí faoi thorthaí airgeadais an Choimisiúin leagtha amach sna Ráitis Airgeadais agus sna nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

## Iniúchóir agus Cuntais

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, coimeádfaidh an Coimisiún i cibé foirm a cheadóidh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé. Cuirfidh an Coimisiún cuntais i leith gach bliana faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ceanglaítear ar an gCoimisiún, laistigh de 42 lá ó na cuntais a iniúchadh, cóip de na cuntais sin, maille le tuarascáil iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu, a thíolacadh don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

## Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a choinneáil. Is é an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an bonn ar a mbíonn ár mbeartais rialachais chorparáidigh bunaithe. Bhí éifeacht leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) maidir le tréimhsí tuairiscithe airgeadais dar tús an 1 Meán Fómhair 2016 nó ina dhiaidh. Glacfar an Cód sin sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2018.

Ceanglaítear le halt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún cód bainistíochta airgeadais a ghlacadh, le ceadú an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus a shocrú go bhfoilseofaí an cód tar éis ceadú den sórt sin a fháil. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a chód bainistíochta airgeadais agus é a leasú agus a athfhoilsiú de réir mar is cuí. Tá ceanglas ar an gCoimisiún freisin trácht a dhéanamh sa tuarascáil bhliantúil ar an dóigh a bhfuil sé ag cloí leis an gcód.

Rinne an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ár gcód bainistíochta airgeadais a cheadú (rud atá bunaithe ar an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe). Tá an cód foilsithe ar ár suíomh Gréasáin. Is é beartas an Choimisiúin comhlíonadh an chóid a chinntiú.

## Gnóthas Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe a dhéanamh, creideann na Coimisinéirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an gCoimisiún chun dul ar aghaidh don am atá le teacht agus go bhfuil sé cuí bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

## Íoc Pras Cuntas

Aithníonn an Coimisiún an fhreagracht atá air as a chinntiú go gcomhlíonfar, i ngach ponc ábhartha, forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 ("na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí ar a mbeidh sonraisc le híoc a shainaithint agus chun a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí faoi na dátaí sin. Tugtar le nósanna imeachta den sórt sin dearbhú réasúnta in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha na Rialachán. Ba é an beartas íocaíochta le linn na bliana atá faoi athbhreithniú ceanglais na Rialachán a chomhlíonadh.

**Gerry Fahy**
**Cathaoirleach**
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
27 Márta 2018

## RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Ceanglaítear le halt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe lena ndéantar idirdhealú idir na nithe seo a leanas:

a. na feidhmeanna atá aige maidir le cumarsáid leictreonach,

b. na feidhmeanna atá aige maidir le cúrsaí poist, agus

c. na feidhmeanna atá aige maidir le seirbhísí ardráta.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Coimisiún ag feidhmiú;
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil, ina nochtar staid airgeadais an Choimisiúin le cruinneas réasúnta tráth ar bith agus lena gcuirtear ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as sócmhainní an Choimisiúin a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Choimisiúin
**Gerry Fahy**
**Cathaoirleach**
27 Márta 2018

## RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

### DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEITHEAMH 2017

### Freagracht as Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann an Choimisiúin, aithním an fhreagracht atá ar an gCoimisiún as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraithfí iad go tráthúil.

### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta déanta ag an gCoimisiún chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- freagrachtaí an lucht bainistíochta a shainiú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun mórtheipeanna rialaithe a thuairisciú agus chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí ina leith.

Bhunaigh an Coimisiún próisis le haghaidh rioscaí gnó a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú ach na nithe seo a dhéanamh:

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;

- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe ar leith a oibriú i gcomparáid leis an mbuntáiste a bhíonn ann dá mbarr.
- Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat um fhaisnéis bhainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin, idirdheighilt dualgas san áireamh, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis na nithe seo a leanas go háirithe:
- córas buiséadaithe cuimsitheach lena ngabhann buiséad bliantúil a ndéanann an Coimisiún é a athbhreithniú agus a chomhaontú;
- athbhreithnithe rialta arna ndéanamh ag an gCoimisiún ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí;
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlínte um rialú infheistíochta caipitil atá sainithe go soiléir;
- disciplíní foirmiúla bainistíocht tionscadal.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún, a oibríonn de réir an Chreatchóid Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009). Déanann anailís ar na rioscaí a bhfuil an Coimisiún neamhchosanta orthu eolas d'oibriú na foirne iniúchóireachta inmheánaí agus cuirtear pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí le chéile ar bhonn na hanailíse sin. Déanann an Coiste Iniúchóireachta anailís ar riosca agus is iad an Coiste Iniúchóireachta agus an Coimisiún a cheadaíonn na pleananna iniúchóireachta inmheánaí. Ar bhonn bliantúil ar a laghad, cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuarascáil maidir le gníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus don Choimisiún. Áirítear leis an tuarascáil sin tuairim an iniúchóra inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Roghnaigh an Coimisiún leanúint leis an leagan den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh sa bhliain 2009 a chur i bhfeidhm. Táthar ag obair faoi láthair ar an leagan den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh sa bhliain 2016 a ghlacadh sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2018.

Obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, agus tuairimí a nochtann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017.

Thar ceann an Choimisiúin
**Gerry Fahy**
**Cathaoirleach**
27 Márta 2018

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

### Commission for Communications Regulation

#### Opinion on financial statements

I have audited the financial statements of the Commission for Communications Regulation for the year ending 30 June 2017 as required under the provisions of section 32 of the Communications Regulation Act 2002. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure
- the appropriation account
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Commission for Communications Regulation at 30 June 2017 and of its income and expenditure for that year in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs). My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Commission for Communications Regulation and I have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the *Code of Ethics of the International Organisation of Supreme Audit Institutions*.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

#### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Commission for Communications Regulation has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the report of the Chairperson, the statement of the Commission's responsibilities, and the statement on internal financial control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
**Comptroller and Auditor General**

29 **March 2018**

## Appendix to the report

### Responsibilities of the Commission

As detailed in the statement of the Commission's responsibilities, the Commission is responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 32 of the Communications Regulation Act 2002
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Communications Regulation Act 2002 to audit the financial statements of the Commission for Communications Regulation and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Commission for Communications Regulation's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Commission for Communications Regulation to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

#### Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if there is any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| | | | | | | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2017 | 2017 | 2017 | 2017 | 2017 | 2016 |
| | Nótaí | | Cumarsáid Leictreonach | Post | Seirbhísí Ardráta | | |
| | | Tobhach | Eile | Tobhach | Tobhach | Iomlán | Iomlán |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ioncam** | | | | | | | |
| Tobhach | | 7,086 | | 1,822 | 548 | 9,456 | 9,824 |
| Táillí Ceadúnúcháin | 2 | | 45,413 | | | 45,413 | 42,285 |
| Ioncam Speictrim | 2 | | 76,050 | | | 76,050 | 24,100 |
| Ioncam Eile | 2 | | 4,917 | | | 4,917 | 42 |
| **Ollioncam** | | **7,086** | **126,380** | **1,822** | **548** | **135,836** | **76,251** |
| Aistriú (chuig an)/ón gCúlchiste Caipitil | 12 | | (5,771) | | | (5,771) | (851) |
| **GLANIONCAM** | | **7,086** | **120,609** | **1,822** | **548** | **130,065** | **75,400** |
| **CAITEACHAS** | | | | | | | |
| Costais Foirne | 3 | 6,148 | 3,444 | 551 | 237 | 10,380 | 9,618 |
| Costais Sochar Scoir | 17(b) | 1,660 | 930 | 149 | 64 | 2,803 | 1,838 |
| Comhairle Theicniúil | 4 | 5,535 | 2,396 | 1,060 | 222 | 9,213 | 6,327 |
| Costais Dlí | 5 | 951 | 1,178 | 50 | 58 | 2,237 | 1,718 |
| Fógraíocht | | 36 | | | | 36 | 22 |
| Costais Riaracháin | 6 | 1,130 | 999 | 85 | 61 | 2,275 | 1,975 |
| Luach Saothair na nIniúchóirí | | 11 | 8 | 1 | 1 | 21 | 32 |
| Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara | | 1,308 | 1,032 | 106 | 106 | 2,552 | 1,491 |
| Dímheas | 7 | 926 | 643 | 75 | 75 | 1,719 | 1,168 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní | | | 74 | | | 74 | - |
| Síntiúis le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 15 | 768 | | | | 768 | 687 |
| | | **18,473** | **10,704** | **2,077** | **824** | **32,078** | **24,876** |
| **BARRACHAS/(EASNAMH) ROIMH LEITHREASUITHE** | | **(11,387)** | **109,905** | **(255)** | **(276)** | **97,987** | **50,524** |

Is le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais a bhaineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Choimisiúin

**Gerry Fahy**
**Cathaoirleach**
27 Márta 2018

## Cuntas Leithreasa don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| | | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|
| | | **2017** | **2016** |
| | | Iomlán | Iomlán |
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Barrachas roimh Leithreasuithe** | | **97,987** | **50,524** |
| Lúide: Leithreasuithe | | | |
| Iníoctha leis an bPríomh-Chiste | 13 | (99,368) | (50,966) |
| Coigeartú Cúlchiste Pinsean | 13 | 1,381 | 442 |
| **Barrachas tar éis Leithreasuithe** | | **0** | **0** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Choimisiúin

**Gerry Fahy**
**Cathaoirleach**
27 Márta 2018

# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| | | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|
| | | **2017** | **2016** |
| | | Iomlán | Iomlán |
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Barrachas tar éis Leithreasuithe** | | **0** | **0** |
| Toradh iarmhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní na scéime | 17(f) | 1,661 | (93) |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochar scoir | 17(f) | 823 | 1,226 |
| Athruithe ar na toimhdí is bunús le luach reatha na n-oibleagáidí sochar scoir | | 2,559 | (10,377) |
| Aistrithe isteach le haghaidh seirbhís roimhe | 17(g) | - | - |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain** | | **5,043** | **(9,244)** |

| **Gluaiseacht i gCúlchiste Pinsean** | | | |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Iúil | | (13,760) | (4,074) |
| Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána sa bhliain | | 5,043 | (9,244) |
| Coigeartú Cúlchiste Pinsean | 13 | (1,381) | (442) |
| **Iarmhéid ag an 30 Meitheamh** | | **(10,098)** | **(13,760)** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Choimisiúin

**Gerry Fahy**
**Cathaoirleach**
27 Márta 2018

## Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 30 Meitheamh 2017

| | | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|
| | | **2017** | **2016** |
| | | | |
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 7 | 9,251 | 3,480 |
| | | | |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Suimeanna Infhaighte | 8 | 9,657 | 9,700 |
| Infheistíochtaí Gearrthéarmacha | 9 | 125,587 | 91,707 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid | | 11,114 | 96,289 |
| | | **146,358** | **197,696** |
| **Dliteanais Reatha (Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna iníoctha | 11 | (146,358) | (197,696) |
| | | | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | **0** | **0** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | **9,251** | **3,480** |
| **Glansócmhainní (Glandliteanais) Iomlána, gan Sochair Scoir a áireamh** | | **9,251** | **3,480** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Glansochar (Glandliteanas) Sainithe | 17(ci) | (10,098) | (13,760) |
| **Glansochair (Glandliteanais) Iomlána, Sochair (Dliteanais) Scoir san áireamh** | | **(847)** | **(10,280)** |
| **Ionadaithe ag** | | | |
| Cúlchistí Caipitil | 12 | 9,251 | 3,480 |
| Cúlchiste Pinsean | | (10,098) | (13,760) |
| | | **(847)** | **(10,280)** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Choimisiúin

**Gerry Fahy**
**Cathaoirleach**
27 Márta 2018

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| | | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|
| | | **2017** | **2016** |
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas (roimh Leithreasuithe) | | 97,987 | 50,524 |
| An difríocht idir an muirear pinsin agus ranníocaíochtaí pinsin | | 1,381 | 442 |
| Dímheas | 7 | 1,719 | 1,168 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní | | 74 | - |
| Ús bainc | 2 | (41) | (7) |
| Aistriú i dtaca leis an gcúlchiste caipitil | 12 | 5,771 | 851 |
| Laghdú/(Méadú) ar Shuimeanna Infhaighte | | 43 | (87) |
| Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha (gan an Príomh-Chiste a áireamh) | | 9,633 | 1,756 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **116,567** | **54,647** |
| | | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | 7 | **(7,568)** | **(2,019)** |
| | | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | | |
| Ús Bainc agus Ús Eile a fuarthas | 2 | 41 | 7 |
| Fáltas ó Dhíol Sócmhainne | | 4 | |
| Íocaíocht leis an bPríomh-Chiste | | (160,339) | (22,130) |
| Bainistíocht Acmhainní Leachtacha | | | |
| - (Méadú) ar Infheistíochtaí Gearrthéarmacha | 10 | (33,880) | (2) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | **(194,174)** | **(22,125)** |
| **Glanmhéadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | 10 | **(85,175)** | **30,503** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an Coimisiún iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

**a) Faisnéis Ghinearálta**

Cuireadh an Coimisiún ar bun faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus tá a oifigí lonnaithe in Uimhir a hAon, Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, Baile Átha Cliath 1.

Tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha amach san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus san Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007. Baineann na feidhmeanna sin leis an tionscal cumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur raidió agus craolacháin) a rialáil agus a cheadúnú agus le seirbhísí poist, seirbhísí ardráta agus an t-ainm fearainn .ie a rialáil.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí (PBE) é an Coimisiún.

**b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

Roghnaigh an Coimisiún leanúint leis an leagan den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh sa bhliain 2009 a chur i bhfeidhm. Bhí éifeacht leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) maidir le tréimhsí tuairiscithe airgeadais dar tús an 1 Meán Fómhair 2016 nó ina dhiaidh. Glacfar an Cód sin sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2018. Léirítear sna Ráitis Airgeadais seo gur chomhlíonamar an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009).

**c) Bonn an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear de réir luach cóir, mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a measadh a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

**1.1 Aithint Ioncaim**

Faigheann an Coimisiún ioncam ó roinnt foinsí
- Tobhaigh a ghearrtar ar sholáthraithe áirithe chun costais na rialála a chistiú. Is iad seo a leanas na tobhaigh sin:

  i. An Tobhach Cumarsáide Leictreonaí - Gearrtar an Tobhach seo ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Déantar an íocaíocht tobhaigh atá dlite ó sholáthraí seirbhíse aonair le haghaidh aon bhliana ar leith a ríomh bunaithe ar láimhdeachas bliantúil an tsoláthraí le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tobhach. Tá sé iníoctha ina cheithre thráthchuid. Aithnítear ioncam de réir mar a fhaightear é.

  ii. An Tobhach Poist - Gearrtar an Tobhach seo ar sholáthraithe seirbhíse poist a sholáthraíonn seirbhísí poist a thagann faoi raon feidhme na seirbhíse poist uilechoitinne. Aithnítear ioncam de réir mar a fhaightear é.

  iii. Is iad Seirbhísí Ardráta (PRS) earraí agus seirbhísí is féidir le duine a cheannach trí úsáid a bhaint as a líne thalún, as a fhón póca, as an Idirlíon, as an teilifís dhigiteach idirghníomhach nó as an bhfacs. Íocann soláthraithe seirbhíse agus oibreoirí líonra PRS an tsuim chéanna i leith an Tobhaigh PRS. Sonrasctar an tobhach gach mí ina riaráistí agus aithnítear ioncam de réir mar a fhaightear é.

- Táillí Ceadúnúcháin – Is é ceadúnú Cumarsáide Raidió an príomhréimse a chumhdaítear leis na táillí seo.
- Ioncam Speictrim - Is ionann é seo agus an t-ioncam táillí a íoctar leis an gCoimisiún as an gceart chun speictream raidió a úsáid. Tugtar cuntas ar an ioncam seo sa tréimhse ina bhfuil sé dlite. Taifeadadh Ioncam Speictrim is fiú €76.05 milliún mar ioncam sa bhliain 2017. Is trí cheant atá cearta speictrim á ndámhachtain le blianta beaga anuas. Ceanglaítear ar na tairgeoirí rathúla táillí láithreacha agus táillí ceadúnas bliantúil a íoc thar shaolré na gceadúnas. Áirítear leis na figiúirí don bhliain 2017 suim €48.1m a bhaineann leis an Dámhachtain Speictrim 3.6 GHz. I gcúinsí ina gcuirtear moill ar thosach feidhme na gceadúnas gaolmhar, déanann ComReg soláthar don tsuim a d'fhéadfadh a bheith iníoctha bunaithe ar an meastachán uaidh ar fhad na moille sin. Ní aithnítear an tsuim sin mar ioncam. Is mar chreidiúnaí a chuirtear ar áireamh í (Féach Nóta 11). Déantar suim an tsoláthair a athmheasúnú ag deireadh gach tréimhse cuntasaíochta.
- Ioncam eile - Áirítear le hioncam eile ús bainc agus ús ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar thaiscí agus ar shuimeanna is iníoctha leis an gCoimisiún de bhun gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe..

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| 1. | BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN) |
|---|---|
| | **1.2 Leithreasú an Bharrachais Oibriúcháin** |
| | Is iníoctha leis an Státchiste atá an barrachas a ghintear sa bhliain glan ar an gcoigeartú cúlchiste pinsean. Íoctar suimeanna ar aghaidh leis an bPríomh-Chiste ar ordachán ón Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.<br>(Féach Nóta 13). |
| | **1.3 Sócmhainní Seasta agus Dímheas** |
| | Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthair do bhearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar an réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar fad ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saol fónta measta, mar a leanas:<br><br>Trealamh teicniúil –15% sa bhliain<br>Trealamh ríomhaire –33 1/3% sa bhliain<br>Daingneáin agus feistis –9% sa bhliain<br>Troscán oifige agus trealamh oifige –15% sa bhliain<br>Mótarfheithiclí –20% sa bhliain<br><br>Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, amhail dá mbeadh an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta cheana féin. Glacann an Coimisiún íostairseach caipitlithe €1,000.<br><br>Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain. |
| | **1.4 Suimeanna infhaighte** |
| | Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha. Foráil shonrach is ea an soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear í sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Coimisiún in ann na suimeanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. |
| | **1.5 Cúlchiste Caipitil** |
| | Léirítear sa chúlchiste caipitil an tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach. |
| | **1.6 Airgeadraí Eachtracha** |
| | Déantar airgeadraí atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a bhaineann le hioncam agus costais a aistriú go euro ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar na dátaí ar a ndearnadh na hidirbhearta.<br><br>I gcás sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, aistrítear iad go euro ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais. |
| | **1.7 Sochair Ghearrthéarmacha** |
| | Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais. |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| 1. | BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN) |
|---|---|
| | **1.8 Sochair Scoir** |
| | Tá foireann an Choimisiúin comhdhéanta de na Coimisinéirí agus d'fhostaithe a earcaíodh go díreach. Tá scéim pinsean sochair shainithe i bhfeidhm do Choimisinéirí agus d'fhostaithe an Choimisiúin. Is le ranníocaíochtaí ó Choimisinéirí, ó fhostaithe agus ón gCoimisiún a mhaoinítear an scéim. Aistrítear na ranníocaíochtaí sin chuig ciste ar leith arna riar ag iontaobhaithe. Oibríonn an Coimisiún an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") freisin do na baill foirne sin a chuaigh isteach sa Scéim Aonair an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Íochtar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ina theannta sin, tá an Coimisiún faoi dhliteanas i leith ranníocaíocht ón bhfostóir a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir Chiorclán 28/2016 ón Roinn sin.<br><br>A mhéid a thagann dliteanas ábhartha chun cinn, déantar an dliteanas a bhaineann leis na baill den Scéim Aonair a chomhoiriúnú le sócmhainn maoiniúcháin iarchurtha ar bhonn na bhforálacha d'alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Níor thug an Coimisiún cuntas ar a chuid costas agus dliteanas faoin scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair toisc nach bhfuil na costais agus na dliteanais sin ábhartha ar bhonn achtúireach. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cuntas a thabhairt ar na costais agus ar na dliteanais sin ón mbliain 2018 ar aghaidh.<br><br>Ghlac an Coimisiún FRS 102, rud a chuaigh i bhfeidhm ar Shochair Scoir a ríomh. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsean de réir luach cóir. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dliteanais na scéime pinsean, agus modh an aonaid réamh-mheasta á úsáid. Léirítear barrachas dliteanas scéime thar shócmhainní scéime mar dhliteanas ar an Ráiteas faoin Staid Airgeadais.<br><br>Cuimsíonn an muirear pinsin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an costas seirbhíse reatha móide an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní scéime sochair shainithe agus costas úis na ndliteanas scéime.<br><br>Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachas agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad.<br><br>Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar a luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin sochair shainithe an Choimisiúin agus as aon mhaoiniú gaolmhar agus aithnítear iontu an costas a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sa tréimhse cuntasaíochta a dtuilleann fostaithe iad lena linn. Tomhaistear dliteanais na scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa. |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| 1. | BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN) |
|---|---|
| | **1.9 Cánachas** |
| | Níl an Coimisiún faoi dhliteanas i leith Cáin Chorparáide a íoc. Ní ghearrtar cáin bhreisluacha ar an ioncam a ghnóthaíonn an Coimisiún. Soláthraítear do cháin a íoc ar aon ús ar thaiscí a fhaightear. |
| | **1.10 Leithdháileadh Costas** |
| | Ceanglaítear ar an gCoimisiún faoi alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, idirdhealú a dhéanamh idir na feidhmeanna atá aige maidir le cumarsáid leictreonach, na feidhmeanna atá aige maidir le cúrsaí poist agus na feidhmeanna atá aige maidir le seirbhísí ardráta. Is sainaitheanta ar leithligh sna cuntais atá an t-ioncam agus na costais a bhaineann go díreach le gach feidhm. Leithdháiltear forchostais chomhroinnte ar gach feidhm i gcomhréir leis an líon ball foirne atá fostaithe i ngach feidhm. |
| | **1.11 Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta** |
| | I dtaca le hullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar shuimeanna na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh tráth dháta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus na suimeanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin agus go bhféadfaidís bheith ábhartha. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.<br><br>a. **Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**<br>Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas agus tháinig siad ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.<br><br>b. **Oibleagáid Sochar Scoir**<br>Na toimhdí is bunús leis na luachálacha achtúireacha a socraítear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh sa todhchaí agus rátaí mortlaíochta), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus i dtaca le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna sochar scoir agus iarscoir.<br><br>Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na toimhdí:<br><br>i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta<br><br>ii. leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí sa mhargadh saothair sa todhchaí. |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| | | | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2017** | **2016** |
| | | | Iomlán | Iomlán |
| | | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **2.** | **IONCAM NEAMHTHOBHAIGH** | | | |
| | **Táille Ceadúnúcháin le haghaidh Cumarsáid Leictreonach** | | | |
| | Táillí Ceadúnúcháin Raidió 2G agus 3G | | 7,936 | 8,010 |
| | Táillí Ceadúnúcháin Úsáide Léirscaoilte | | 23,068 | 19,900 |
| | Táillí Ceadúnúcháin Raidió Eile | | 14,409 | 14,291 |
| | Ceadúnú MMDS agus Sraonairí | | 0 | 84 |
| | | | **45,413** | **42,285** |
| | **Ioncam Speictrim le haghaidh Cumarsáid Leictreonach** | | | |
| | Ioncam Speictrim 3G | | 27,900 | 24,100 |
| | Ioncam Speictrim 3.6 GHz | 11 | 48,150 | 0 |
| | | | **76,050** | **24,100** |

Seoladh Ceant le haghaidh an Speictrim Ilbhanda 3.6 GHz le linn na bliana 2016/17. Fógraíodh an toradh ar an gceant i mí na Bealtaine 2017. B'ionann na táillí láithreacha deiridh a fuarthas (ag brath ar aon aisíocaíochtaí táille ceadúnais atá dlite) agus €61.6m. Den tsuim €61.6m, aithníodh €48.1m mar ioncam. Chuir an Coimisiún suimeanna dar luach iomlán €13.5m i leataobh chun freastal ar aisíocaíochtaí a bheadh dlite de bharr thosach feidhme moillithe na mBabhtaí do Cheadúnais nua Úsáide Léirscaoilte Bhanda 3.6 GHz. Déanfar gach aisíocaíocht is iníoctha ag an gCoimisiún a ríomh de réir na modheolaíochta atá leagtha amach sa Mheabhrán Faisnéise (Doiciméad 16/71 ón gCoimisiún).

Anuas air sin, beidh na táillí bliantúla Úsáide Speictrim (roimh innéacsú) i leith na gceadúnas sin cothrom le €17.7m san iomlán thar shaolré na gceadúnas.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **IONCAM EILE** | | |
| | Ús Bainc | 41 | 7 |
| | Ilghnéitheach* | 4,876 | 35 |
| | | **4,917** | **42** |

* Áirítear le hIoncam Neamhthobhaigh Ilghnéitheach:

(a) Íocaíocht €255,000 ó Virgin i mí Mheán Fómhair 2016, rud a tháinig as a mhainneachtain conradh i bhfoirm mharthanach a thabhairt do 26,046 dhuine dá chuid custaiméirí. Is sárú é sin ar na Rialacháin maidir le Faisnéis do Thomhaltóirí, 2013.

(b) Íocaíocht €3,094,000 ó Eircom i mí na Nollag 2016, rud a tháinig as a mhainneachtain spriocanna feidhmíochta áirithe a bhaint amach maidir le feidhmíocht cáilíochta seirbhíse Eircom i dtaca le gnéithe dá Oibleagáid Seirbhíse Uilechoitinne don tréimhse 2014/2015.

c) Íocaíocht €1,525,000 ó Eircom i mí Aibreáin 2017, rud a tháinig as a mhainneachtain spriocanna feidhmíochta áirithe a bhaint amach maidir le feidhmíocht cáilíochta seirbhíse Eircom i dtaca le gnéithe dá Oibleagáid Seirbhíse Uilechoitinne don tréimhse 2015/2016.

(d) Áirítear le hIoncam Ilghnéitheach suimeanna éagsúla is iníoctha leis an gCoimisiún de bhun gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe a seoladh sa tréimhse. I gcás gur cuireadh gníomhaíochtaí den sórt sin i gcrích le socrú dlíthiúil, d'fhéadfadh go mbeidís faoi réir clásal rúndachta.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| | | | | | | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh | An bhliain go dtí an 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | 2017 | 2016 |
| | | Cumarsáid Leictreonach | | Post | Seirbhísí Ardráta | | |
| | | Tobhach | Eile | Tobhach | Tobhach | Iomlán | Iomlán |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **3.** | **COSTAIS FOIRNE** | | | | | | |
| | Costais fostaithe le linn na bliana: | | | | | | |
| | Pá agus Tuarastail # | 5,609 | 3,142 | 503 | 216 | 9,470 | 8,774 |
| | ÁSPC | 539 | 302 | 48 | 21 | 910 | 844 |
| | | **6,148** | **3,444** | **551** | **237** | **10,380** | **9,618** |
| | Ba é seo a leanas an meánlíon ball foirne a bhí fostaithe ag an gCoimisiún le linn na bliana, agus é anailísithe de réir catagóire: | 62 | 43 | 5 | 5 | 115 | 112 |

#Oibríonn an Coimisiún scéim luach saothair a bhaineann le feidhmíocht (rud ar bhunaigh Oifig Stiúrthóir Rialú na Teileachumarsáide é ar dtús). Tá an scéim bunaithe ar fheidhmíocht an duine aonair agus ceadaíonn an Coimisiún gach íocaíocht a dhéantar faoin scéim. Maidir leis na costais iomlána Phá agus Tuarastal, is ionann agus €820,000 (nó 9%) na híocaíochtaí a rinneadh leis an bhfoireann de réir fhorálacha na scéime luach saothair a bhaineann le feidhmíocht agus de réir théarmaí a gconarthaí fostaíochta (2016: €736,000 (8%)). Áirítear le costais foirne íocaíocht foirceanta €13,000 a bhaineann le socraíocht a íocadh le fostaí.

**An Príomhphearsanra Bainistíochta**
Is iad na comhaltaí den Choimisiún an Príomhphearsanra Bainistíochta i ComReg.
Tá sonraí faoi luach saothair na gCoimisinéirí léirithe thíos.

| | Tuarastal | Luach Saothair Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Jeremy Godfrey* – Cathaoirleach | 159 | 2 | 161 |
| Gerry Fahy** – Cathaoirleach | 153 | 2 | 155 |
| Kevin O'Brien – Coimisinéir | 146 | - | 146 |

*Cathaoirleach go dtí an 28 Feabhra 2017
**Cathaoirleach ón 1 Márta 2017

Is ionann Luach Saothair Eile agus an costas árachais leighis a d'íoc an Coimisiún. Ní théann teidlíochtaí pinsin na gCoimisinéirí os cionn na dteidlíochtaí caighdeánacha atá sa Scéim Eiseamláireach Aoisliúntais do státseirbhísigh nó sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Níl na Coimisinéirí incháilithe do phá a bhaineann le feidhmíocht a fháil.

| | 30 Meitheamh 2017 | 30 Meitheamh 2016 |
|---|---|---|
| **Miondealú ar Thuarastail Fostaithe** | **Líon** | **Líon** |
| Raon (€'000) | | |
| 20 - 40 | 12 | 15 |
| 40 - 60 | 43 | 41 |
| 60 - 80 | 33 | 31 |
| 80 - 100 | 22 | 22 |
| 100 - 140 | 9 | 7 |
| 140 - 180 | 3 | 4 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| | | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|
| | | **2017** | **2016** |
| | | €'000 | €'000 |

| **4.** | **COMHAIRLE THEICNIÚIL** | | |
|---|---|---|---|
| | Comhairle Ghairmiúil agus Comhairle Theicniúil | 7,485 | 4,632 |
| | Bainistíocht Teagmhálaithe | 682 | 744 |
| | Taighde Margaidh | 198 | 190 |
| | Faireachán ar Cháilíocht Seirbhíse | 505 | 469 |
| | Oiliúint Foirne agus Forbairt Ghairmiúil | 343 | 292 |
| | | **9,213** | **6,327** |

| **5.** | **COSTAIS DLÍ** | **2,237** | **1,718** |
|---|---|---|---|
| | Luaitear costais dlí glan ar na costais a aisghabhadh ó thríú páirtithe. | | |

| **6.** | **COSTAIS RIARACHÁIN** | | |
|---|---|---|---|
| | Trealamh agus Cothabháil TF | 725 | 501 |
| | Síntiúis le Bunachair Shonraí/Tuarascálacha Taighde | 374 | 328 |
| | Taisteal agus Cothú | 220 | 231 |
| | Comhdhálacha/Cruinnithe | 239 | 197 |
| | Cúrsaí Poist agus Teileachumarsáide | 124 | 109 |
| | Páipéarachas | 65 | 60 |
| | Foilsiú agus Cur Chun Cinn | 107 | 93 |
| | Earcaíocht | 57 | 165 |
| | Soilsiú, Téamh agus Glantachán | 73 | 74 |
| | Árachas | 39 | 30 |
| | Costais Riaracháin Eile | 252 | 187 |
| | | **2,275** | **1,975** |

Áirítear le Costais Riaracháin Eile suim €40,000 a íocadh mar éarlais le haghaidh feithicil tráchtála a fheistiú. Chuaigh an soláthraí faoi ghlacadóireacht ina dhiaidh sin. Tá ComReg ag féachaint leis an éarlais a aisghabháil.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| 7. | RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Trealamh Teicniúil** | **Trealamh Ríomhaire** | **Daingneáin, Feistis agus Trealamh Oifige** | **Mótarfheithiclí** | **Iomlán** |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| | **Costas** | | | | | |
| | Ag an 30 Meitheamh 2016 | 2,857 | 7,103 | 2,674 | 237 | 12,871 |
| | Breiseanna | 433 | 2,937 | 4,160 | 38 | 7,568 |
| | Diúscairtí | (612) | (3,466) | (2,526) | (96) | (6,700) |
| | **Ag an 30 Meitheamh 2017** | **2,678** | **6,574** | **4,308** | **179** | **13,739** |
| | **Dímheas Carntha** | | | | | |
| | Ag an 30 Meitheamh 2016 | 1,479 | 5,226 | 2,593 | 93 | 9,391 |
| | Diúscairtí | (612) | (3,448) | (2,495) | (67) | (6,622) |
| | Muirear don tréimhse | 322 | 1,302 | 75 | 20 | 1,719 |
| | **Ag an 30 Meitheamh 2017** | **1,189** | **3,080** | **173** | **46** | **4,488** |
| | **Glanluach Leabhar** | | | | | |
| | **30 Meitheamh 2017** | **1,489** | **3,494** | **4,135** | **133** | **9,251** |
| | 30 Meitheamh 2016 | 1,378 | 1,877 | 81 | 144 | 3,480 |

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a Chlár Sócmhainní Seasta mar chuid den imeacht ónár n-oifigí roimhe i mí an Mheithimh 2017. Baineadh den Chlár ansin aon sócmhainní a measadh a bheith as feidhm. Áiríodh leis na sócmhainní sin feithicil nár measadh a bheith oiriúnach don fheidhm a thuilleadh agus seansócmhainní TF/Daingneán agus Feisteas nach raibh ag teastáil a thuilleadh de bharr an aistrithe chuig an oifig nua. Ba é €78,000 an Glanluach Leabhar a bhí ar na sócmhainní sin. Tá an laghdú ar Chostas agus Dímheas Carntha i leith sócmhainní den sórt sin ar áireamh san fhigiúr 'Diúscairtí' thuas. Is ar áireamh sna breiseanna Sócmhainní Seasta is fiú €7.6m atá suim €4.4m a bhaineann leis an áitreabh nua atá ár léas ag an gCoimisiún a fheistiú.

| | | **30 Meitheamh** | **30 Meitheamh** |
|---|---|---|---|
| | | **2017** | **2016** |
| | | €'000 | €'000 |
| **8.** | **SUIMEANNA INFHAIGHTE** | | |
| | Dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| | Tobhach riaracháin i leith Cumarsáid Leictreonach | 49 | 638 |
| | Tobhach riaracháin i leith Seirbhísí Poist | - | 3 |
| | Ioncam ó Cheadúnais Raidió | 7,849 | 7,616 |
| | Ioncam Fabhraithe | 445 | 841 |
| | Réamhíocaíochtaí agus Costais in-aisghabhála | 1,314 | 602 |
| | | **9,657** | **9,700** |
| **9.** | **INFHEISTÍOCHTAÍ GEARRTHÉARMACHA** | | |
| | Infheistíochtaí Gearrthéarmacha | **125,587** | **91,707** |

Is é atá in Infheistíochtaí Gearrthéarmacha Nótaí Státchiste a ceannaíodh ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Teoranta. Cuireann an Coimisiún sealúchais bhreise airgid isteach in infheistíochtaí gearrthéarmacha. Tríd is tríd, is é atá sna sealúchais bhreise airgid sin barrachais a ghin an Coimisiún agus atá iníoctha leis an Státchiste (mar atá nochta i Nóta 11). Is iontu freisin atá airgead a shealbhaítear ar iontaobhas i dtaca le gealltanais a thug tríú páirtithe don Choimisiún agus aisíocaíochtaí féideartha a bhaineann le tosach feidhme moillithe ceadúnas áirithe (mar atá nochta i Nóta 11).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| | | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|
| | | **2017** | **2016** |
| | | €'000 | €'000 |
| **10.** | **AN GLANMHÉADÚ AR AIRGEAD AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID A RÉITEACH LE GLUAISEACHT I NGLANCHISTÍ** | | |
| | (Laghdú) ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid sa tréimhse | (85,175) | 30,503 |
| | Méadú/(Laghdú) ar Iasachtaí Gearrthéarmacha | 33,880 | 2 |
| | **Athrú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | **(51,295)** | **30,505** |
| | Glanchistí Tosaigh | 187,996 | 157,491 |
| | **Glanchistí Deiridh** | **136,701** | **187,996** |
| **11.** | **SUIMEANNA INÍOCTHA** | | |
| | Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | | |
| | Creidiúnaithe Trádála | 3,598 | 1,707 |
| | Creidiúnaithe Eile | 14,329 | 4,363 |
| | Cáin bhreisluacha | 35 | 36 |
| | Fabhruithe | 1,081 | 1,749 |
| | Ioncam iarchurtha (féach an anailís thíos) | 29,723 | 31,373 |
| | Párolla | 984 | 889 |
| | Iníoctha leis an bPríomh-Chiste (féach Nóta 12) | 96,608 | 157,579 |
| | | **146,358** | **197,696** |
| | Áirítear le Creidiúnaithe Eile Taiscí Airgid dar luach €0.6m a shealbhaítear ar iontaobhas a bhaineann le gealltanais áirithe a tugadh don Choimisiún i dtaca lena fheidhmeanna rialála, mar aon le haisíocaíochtaí féideartha is fiú €13.5m a bhaineann le tosach feidhme moillithe cheadúnais Úsáide Léirscaoilte Bhanda 3.6 GHz. Cuirtear na suimeanna comhfhreagracha ar áireamh in iarmhéid Infheistíochtaí Gearrthéarmacha an Choimisiúin ag deireadh na bliana. | | |
| | **Anailís ar Ioncam Iarchurtha** | | |
| | Ioncam ó Cheadúnais Raidió | 29,443 | 30,873 |
| | Eile | 280 | 500 |
| | | **29,723** | **31,373** |
| | I gcás go ndéantar ceadúnais a athnuachan ar feadh tréimhse a théann thar dheireadh na bliana airgeadais, iarchuirtear cuid den ioncam sin chun freastal ar chaiteachas sa bhliain dár gcionn. | | |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
|---|---|---|
| | **2017** | **2016** |
| | €'000 | €'000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **12.** | **CÚLCHISTÍ CAIPITIL** | | |
| | **Iarmhéid Tosaigh** | **3,480** | **2,629** |
| | Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | |
| | Breiseanna le sócmhainní seasta | 7,568 | 2,019 |
| | Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní seasta | (1,719) | (1,168) |
| | An tsuim a scaoileadh ar Shócmhainní Seasta a dhiúscairt | (78) | - |
| | **An Ghlansuim ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | **5,771** | **851** |
| | **Iarmhéid Deiridh** | **9,251** | **3,480** |

**13. LEITHREASÚ AN BHARRACHAIS**

Foráiltear le halt 30 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, go bhféadfaidh an tAire, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ordú a thabhairt don Choimisiún suimeanna a íoc leis an Státchiste. Is é an tAire a chinneann an tsuim atá le híoc tar éis dó dul i dteagmháil leis an gCoimisiún. Tá an Coimisiún ag feitheamh ordú ón Roinn maidir leis an tsuim chríochnaitheach atá iníoctha leis an bPríomh-Chiste don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017.

Cinntear an tsuim atá dlite don Státchiste trí thagairt a dhéanamh don bharrachas a thaifead an Coimisiún sa tréimhse, agus é coigeartaithe do roinnt míreanna mar atá leagtha amach thíos.

| | **An Ollsuim atá Dlite** | **Coigeartú Pinsin (b)** | **An Ghlansuim atá Dlite** |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid a bhí dlite don Státchiste ag an 30 Meitheamh 2016 | 161,299 | (3,720) | 157,579 |
| Barrachas don bhliain 2017 | 97,987 | | 97,987 |
| Suim a íocadh sa bhliain 2017 | (160,339) | | (160,339) |
| Coigeartú cúlchiste pinsean (a) | 1,381 | | 1,381 |
| Íocaíocht a aisghlámadh ón gciste pinsean (b) | ( 960) | 960 | - |
| **Iarmhéid ag an 30 Meitheamh 2017** | **99,368** | **(2,760)** | **96,608** |

Is léirithe thíos atá na figiúirí comparáideacha a bhaineann leis an tsuim a bhí dlite don Státchiste amhail an 30 Meitheamh 2016.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid a bhí dlite don Státchiste ag an 30 Meitheamh 2015 | 132,783 | (4,040) | 128,743 |
| Barrachas don bhliain 2016 | 50,524 | | 50,524 |
| Suim a íocadh sa bhliain 2016 | (22,450) | | (22,450) |
| Coigeartú cúlchiste pinsean (a) | 442 | | 442 |
| Íocaíocht a aisghlámadh ón gciste pinsean (b) | - | 320 | 320 |
| **Iarmhéid ag an 30 Meitheamh 2016** | **161,299** | **(3,720)** | **157,579** |

(a) Is ionann an coigeartú cúlchiste pinsean agus an difríocht idir an tsuim pinsin €2,803,000 (2016: €1,838,000) a gearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain 2017 agus an ranníocaíocht €1,422,000 (2016: €1,396,000) a rinne an fostóir le linn na tréimhse.
(b) Rinne an Coimisiún ranníocaíocht iomlán €5m lena chiste pinsean (€2.5m sa bhliain 2008 agus €2.5m sa bhliain 2009, is é sin, suim iomlán €5m). Tá an tsuim atá dlite don Státchiste léirithe glan ar an ranníocaíocht sin, ar ina leith a bhíonn suim €320,000 á haisghabháil gach bliain de réir mar a dhéantar íocaíochtaí leis an Státchiste. Rinneadh íocaíochtaí trí bliana sa bhliain 2017, agus suim €960,000 á haisghlámadh dá mbarr (2016: €320,000).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

## 14. ÁITREABH AGUS CÓIRÍOCHT

Bhog an Coimisiún isteach in áitreabh nua ar léas atá lonnaithe in Uimhir a hAon, Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, Baile Átha Cliath 1, an 6 Meitheamh 2017. Glactar an t-áitreabh ar cíos ar chostas €1.6m (gan cáin bhreisluacha a áireamh) in aghaidh na bliana.

Is iad seo a leanas costais iomlána na n-íocaíochtaí íosta léasa oibriúcháin amach anseo (gan cáin bhreisluacha a áireamh) faoi léasanna neamh-inchealaithe oibriúcháin don áitreabh atá á áitiú ag an gCoimisiún:

| | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
|---|---|---|
| | **2017** | **2016** |
| | €'000 | €'000 |
| **Iníoctha** | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 1,636 | 36 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 6,580 | 180 |
| Níos mó ná cúig bliana | 6,700 | 203 |
| | **14,916** | **419** |

## 15. BALLRAÍOCHT D'EAGRAÍOCHTAÍ TEILEACHUMARSÁIDE IDIRNÁISIÚNTA

Agus leas á bhaint aici as na fáltais ón Tobhach Riaracháin i leith Cumarsáid Leictreonach, déanann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil íocaíochtaí áirithe le hEagraíochtaí Teileachumarsáide Idirnáisiúnta. Tá suim €768,000 (2016: €687,000) ar áireamh sa mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chun na críche sin. Sonrasctar muirir den sórt sin chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Déanann ComReg aisíocaíocht leis an Roinn ina leith ina dhiaidh sin.

## 16. COIMISINÉIRÍ, BAILL FOIRNE AGUS COMHAIRLEOIRÍ/SAINCHOMHAIRLEOIRÍ – NOCHTADH LEASANNA

Chomhlíon na Coimisinéirí agus na baill foirne ceanglais alt 25 (Leasanna a Nochtadh) den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh aon leas ag na Coimisinéirí nó ag aon chomhairleoir nó sainchomhairleoir.

## 17. SOCHAIR SCOIR

### a) Cur Síos ar an Scéim

Údarás rialála náisiúnta a bunaíodh faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, is ea an Coimisiún. Foráiltear le hailt 26 agus 27 den Acht go ndéanfaidh an Coimisiún, faoi réir cheadú an Aire, scéimeanna a cheapadh le haghaidh sochair aoisliúntais a dheonú do Choimisinéirí agus do bhaill foirne agus ina leith araon.

Tá scéim mhaoinithe pinsean sochair shainithe á hoibriú d'fhostaithe an Choimisiúin. Sainítear na sochair trí thagairt a dhéanamh do rialacháin na scéime 'eiseamláirí' reatha earnála poiblí. Agus rátaí ranníocaíochta ón bhfostóir á socrú, tugtar aird ar chomhairle achtúireach agus ar an athbhreithniú tréimhsiúil a dhéantar ar an ráta maoiniúcháin a theastaíonn don scéim. Leis an scéim, soláthraítear scor pinsin (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochair scoir chéile agus leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir. Is gnách go méadaíonn sochair scoir atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta i dtuarastal earnála poiblí.

Oibríonn an Coimisiún an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") freisin do na baill foirne sin a chuaigh isteach sa Scéim Aonair an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Íochtar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ina theannta sin, tá an Coimisiún faoi dhliteanas i leith ranníocaíocht ón bhfostóir a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir Chiorclán 28/2016 ón Roinn sin. Níor thug an Coimisiún cuntas ar a chuid costas agus dliteanas faoin scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair toisc nach bhfuil na costais agus na dliteanais sin ábhartha ar bhonn achtúireach. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cuntas a thabhairt ar na costais agus ar na dliteanais sin ón mbliain 2018 ar aghaidh.

Chun críocha tuairisciú de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), bhí nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach (i ndáil leis an scéim mhaoinithe sochair shainithe) críochnaithe amhail an 30 Meitheamh 2017.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| 17. | SOCHAIR SCOIR (AR LEAN) | | |
|---|---|---|---|
| | | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
| | | 2017 | 2016 |
| | | | |
| | | €'000 | €'000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **b)** | **Costais Sochar Scoir** | | |
| | Costas seirbhíse reatha | 2,903 | 2,094 |
| | Costas úis | 1,111 | 1,211 |
| | Toradh ionchais ar Shócmhainní na Scéime | (860) | (1,124) |
| | Lúide: Ranníocaíochtaí Fostaithe | (351) | (343) |
| | **Iomlán** | **2,803** | **1,838** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **ci)** | **Glandliteanas Sochar Scoir** | | |
| | **A chuimsíonn na nithe seo a leanas:** | | |
| | Luach Cóir Shócmhainní na Scéime | 47,350 | 43,341 |
| | Luach Reatha na nOibleagáidí Sochar Scoir | (57,448) | (57,101) |
| | **(Glandliteanas)** | **(10,098)** | **(13,760)** |
| | | | |
| **cii)** | **Luach Reatha na nOibleagáidí Sochar Scoir i dtús na bliana** | 57,101 | 45,053 |
| | Costas Seirbhíse Reatha | 2,903 | 2,094 |
| | Costas Úis | 1,111 | 1,211 |
| | (Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach | (3,382) | 9,151 |
| | Sochair a Íocadh | (285) | (408) |
| | **Luach Reatha na nOibleagáidí Sochar Scoir ag deireadh na bliana** | **57,448** | **57,101** |
| | | | |
| **ciii)** | **Athrú ar Shócmhainní na Scéime** | | |
| | **Luach Cóir Shócmhainní na Scéime i dtús na bliana** | **43,341** | **40,979** |
| | Toradh ionchais ar Shócmhainní na Scéime | 860 | 1,124 |
| | Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | 1,661 | (93) |
| | Ranníocaíochtaí ón bhFostóir | 1,422 | 1,396 |
| | Ranníocaíochtaí ó Bhaill | 351 | 343 |
| | Sochair a íocadh ón Scéim | (285) | (408) |
| | **Luach Cóir Shócmhainní na Scéime ag deireadh na bliana** | **47,350** | **43,341** |
| | Cuirtear an cleachtas reatha trína méadaítear sochair scoir de réir boilsciú tuarastail san earnáil phoiblí san áireamh agus an oibleagáid sochair shainithe scoir á tomhas. | | |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| 17. | SOCHAIR SCOIR (AR LEAN) | | |
|---|---|---|---|
| | | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
| | | 2017 | 2016 |
| | | | |
| | | €'000 | €'000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| d) | **Comhdhéanamh Shócmhainní na Scéime** | | |
| | **Bhí sócmhainní na scéime comhdhéanta díobh seo a leanas ag deireadh na bliana:** | | |
| | Cothromas | 25,258 | 21,426 |
| | Bannaí | 18,110 | 18,098 |
| | Réadmhaoin | 594 | 552 |
| | Airgead agus Sócmhainní leachtacha eile | 3,388 | 3,265 |
| | | **47,350** | **43,341** |
| | **Agus iad curtha in iúl mar chéatadán, bhí sócmhainní na scéime comhdhéanta díobh seo a leanas ag deireadh na bliana:** | | |
| | | % | % |
| | Cothromas | 53.3% | 49.4% |
| | Bannaí | 38.3% | 41.8% |
| | Réadmhaoin | 1.2% | 1.3% |
| | Airgead agus Sócmhainní leachtacha eile | 7.2% | 7.5% |
| | | **100.0%** | **100.0%** |
| | **Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh** | | |
| | Ráta Lascaine | 2.40% | 1.95% |
| | Ráta méadaithe cúitimh | 3.30% | 3.00% |
| | **Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun an costas pinsin a chinneadh** | | |
| | Ráta Lascaine | 1.95% | 2.70% |
| | Toradh ionchais fadtéarmach ar shócmhainní na scéime | 1.95% | 2.70% |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| **17.** | **SOCHAIR SCOIR (AR LEAN)** | **30 Meitheamh** | **30 Meitheamh** |
|---|---|---|---|
| **e)** | **Príomhthoimhdí Achtúireacha, Airgeadais agus Déimeagrafacha** | | **2016** |
| | Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh: | | |
| | Ráta lascaine | 2.40% | 2.70% |
| | Méaduithe tuarastail | 3.30% | 3.00% |
| | Méaduithe pinsin | 2.80% | 2.50% |
| | Méaduithe boilscithe | 1.80% | 1.50% |

| **Ba iad seo a leanas na Toimhdí Déimeagrafacha a úsáideadh** | | |
|---|---|---|
| | **2017** | **2016** |
| Mortlaíocht roimh an Scor agus tar éis an Scoir | S2PMA le feabhsuithe CMI 2013 (1.5%) do gach ball | S2PMA le feabhsuithe CMI 2013 (1.5%) do gach ball |
| Scoir | Glactar leis go rachaidh gach ball a chuaigh isteach sa scéim roimh an 1 Aibreán 2004 ar scor agus iad 60 bliain d'aois agus go rachaidh gach ball eile ar scor agus iad 65 bliana d'aois | Glactar leis go rachaidh gach ball a chuaigh isteach sa scéim roimh an 1 Aibreán 2004 ar scor agus iad 60 bliain d'aois agus go rachaidh gach ball eile ar scor agus iad 65 bliana d'aois |
| Scor de bharr Easláinte | Liúntas ar bith | Liúntas ar bith |
| Luathscor | Liúntas ar bith | Liúntas ar bith |
| Aistarraingtí | Liúntas ar bith | Liúntas ar bith |
| An céatadán atá pósta | Glactar leis go bhfuil 90% d'Fhir agus 75% de Mhná pósta. | Glactar leis go bhfuil 90% d'Fhir agus 75% de Mhná pósta. |
| An Difríocht Aoise idir céilí | Glactar leis go bhfuil fear 3 bliana níos sine ná a chéile | Glactar leis go bhfuil fear 3 bliana níos sine ná a chéile |
| | | |

* Bíonn na toimhdí mortlaíochta a roghnaítear bunaithe ar tháblaí caighdeánacha lena léirítear an ghnáthmhortlaíocht i measc pinsinéirí. Foráiltear leis na toimhdí do mhéadú ar an ionchas saoil le himeacht ama.

Na toimhdí is bunús leis na luachálacha achtúireacha a socraítear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh sa todhchaí agus rátaí mortlaíochta), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus i dtaca le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna sochar scoir agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na toimhdí:
(a) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
(b) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí sa mhargadh saothair sa todhchaí

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| | | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh | 30 Meitheamh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **17.** | **SOCHAIR SCOIR (AR LEAN)** | | | | | |
| **f)** | **Stair oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachan agus caillteanas ó thaithí** | | | | | |
| | Oibleagáidí sochair shainithe | 57,448 | 57,101 | 45,053 | 43,480 | 35,749 |
| | Luach Cóir Shócmhainní na Scéime | (47,350) | (43,341) | (40,979) | (35,758) | (30,566) |
| | Easnamh/(Barrachas) don Scéim mhaoinithe | (10,098) | (13,760) | 4,074 | 7,722 | 5,183 |
| | Coigeartú ó Thaithí ar Shócmhainní na Scéime | 1,661 | (93) | 1,821 | 2,675 | 1,379 |
| | céatadán de shócmhainní na scéime | 3.5% | 0.2% | 4.4% | 7.5% | 4.5% |
| | | | | | | |
| | Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar Dhliteanais na Scéime | | | | | |
| | suim | 823 | 1,226 | 1,828 | (1,549) | (267) |
| | céatadán de Dhliteanais na Scéime | 1.4% | 2.1% | 4.1% | (3.6%) | (0.8%) |
| **g)** | **Seirbhís Inphinsin Roimhe** | | | | | |
| | Baineann dliteanais na scéime pinsean le sochair scoir a eascraíonn as seirbhís leis an gCoimisiún agus as seirbhís le comhlachtaí poiblí eile roimh theacht isteach sa Choimisiún don bhall i gcás go bhfuil an Coimisiún ar an eolas faoin tseirbhís sin. Tá an Coimisiún i dteideal féachaint leis an gcostas atá ag baint le seirbhís roimhe a mhaoiniú a aisghabháil ó chomhlachtaí poiblí eile faoi théarmaí a bhallraíochta de Líonra Aistrithe na Seirbhíse Poiblí.<br><br>Maidir le seirbhís ar aistrigh baill í roimh an 30 Meitheamh 2017, ba é Nialas luach iomlán na n-íocaíochtaí sin a fuarthas sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2017 (2016: Nialas). | | | | | |
| | Léirítear íocaíochtaí i dtaca le seirbhís a aistríodh isteach (nuair a fhaightear iad) mar mhír ar leith sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach. | | | | | |
| | | | | | | |
| **h)** | **Sochair scoir a mhaoiniú** | | | | | |
| | Rinneadh luacháil achtúireach thríbhliantúil ar an scéim mar a bhí an scéal ag an 1 Eanáir 2016 agus comhaontaíodh an ráta ranníocaíochta molta ina dhiaidh sin. Tá an chéad luacháil achtúireach thríbhliantúil eile le déanamh mar a bheidh an scéal ag an 1 Eanáir 2019. | | | | | |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017

| 18. | DLITEANAIS THEAGMHASACHA |
|---|---|
| | Rinneadh soláthar iomlán sna ráitis airgeadais seo do na costais dlí a tabhaíodh go dtí seo. San am i láthair, áfach, tá an Coimisiún páirteach i roinnt cásanna dlí a bhfuil toradh éiginnte i gceist leo. Maidir leis na costais a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo i ndáil leis na cásanna sin, ní dhearnadh aon soláthar dóibh mar gheall ar an éiginnteacht atá ann faoin toradh agus faoi na costais a d'fhéadfaí a thabhú. |

| 19. | IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA |
|---|---|
| | Mar chuid de ghnáthchúrsaí gnó, bhí idirbhearta ag an gCoimisiún le ranna eile rialtais agus le comhlachtaí eile stáit. Tá Luach Saothair an Phríomhphearsanra Bainistíochta leagtha amach i Nóta 3. |

| 20. | ASBHAINT A BHAINEANN LE PINSEAN |
|---|---|
| | Asbhaineadh suim €568,000 (2016: €473,000) ó thuarastail i dtaca leis an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2017. Íocadh an tsuim sin leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ina dhiaidh sin. |

| 21. | TEAGMHAIS TAR ÉIS AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE |
|---|---|
| | Ní raibh aon teagmhais ann tar éis dheireadh na bliana a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar aon fhaisnéis sna ráitis airgeadais seo. |

| 22. | CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS |
|---|---|
| | Rinne Gerry Fahy, an Cathaoirleach, na ráitis airgeadais seo a cheadú thar ceann an Choimisiúin an 27 Márta 2018. |

**An Coimisiún um**
**Rialáil Cumarsáide**

Bloc DEF,
Cúirt na Mainistreach,
Ionad Irish Life,
Sráid na Mainistreach Íochtarach,
Baile Átha Cliath 1

Tell: +353 1 8049600
Facs: +353 1 8049680

designed by CATALYSTO